



AN BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

# Tuarascáil Bhliantúil

## 2020



Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2020

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí ar an 25 Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

Is leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí an cóipcheart sa tuarascáil seo de bhua alt 35(5) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

Ní cheadaítear d'aon duine an tuarascáil seo, ná aon chuid di, a tháirgeadh, a atáirgeadh nó a tharchur in aon fhoirm ná ar aon mhodh gan cead sainráite chuige sin a fháil ón mBord Imscrúdú Taismí Muirí.

Tá saorchead ann maidir le húsáid a bhaint as an tuarascáil seo chun críocha oideachais.

# Clár Ábhair

## Cuid 1

1. Ráiteas an Chathaoirligh	2
2. Comhaltáí an Bhoird Agus Faisnéis Ghinearálta	6
3. Réamhrá ar Theagmhais agus Imscrúduithe	10
4. Achoimre ar na Teagmhais a Tharla in 2020	11
5. Achoimre ar na Tuarascálacha a Foilsíodh le linn 2020	15
6. Comparáid idir Taisní Mara 2011 - 2020	27
7. Treochtaí maidir le Básanna 2011 - 2020	28
8. Aguisín A	29

## Cuid 2

Ráitis Airgeadais don tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2020	31
--	----

# Ráiteas an Chathaoirligh



Claire Callanan,  
Cathaoirleach

A Aire a chara,

De réir cheanglais Alt 21 den Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Mara) 2000, cuirim i láthair an t-ochtú tuarascáil déag ar Theagmhais & Imscrúduithe ón mBord Imscrúdú Taismí Mara (MCIB), a chlúdaíonn an tréimhse ón 1 Eanáir - 31 Nollaig 2020.

Cuirfear cuntais iniúchta an MCIB i láthair duit níos déanaí sa bhliain nuair a bheidh an t-iniúchadh bliantúil críochnaithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ina dhiaidh sin, cuirfear an tuarascáil seo agus Ráiteas Airgeadais MCIB araon le chéile chun Tuarascáil Bhliantúil 2020 an MCIB a chruthú, le scaipeadh agus le foilsiú ar shuíomh gréasáin MCIB [www.mcib.ie](http://www.mcib.ie).

## Forbhreathnú ar 2020

Chuir an MCIB tús le himscrúduithe ar ocht dtaismeach mara in 2020. Fuair ceathrar daoine bás i dt trí cinn de na taismí mara a bhain le soithí iascaireachta atá á n-imscrúdú.

Tuigeann an Bord an cailteanas agus an anacair mhór a tharla dóibh siúd go léir a bhfuil daoine muinteartha leo tar éis bás a fháil, agus orthu siúd a raibh baint acu leis na himeachtaí seo.

Bhreithnigh an Bord 47 teagmhais eile a raibh comhoibriú idir an MCIB agus comhlachtaí imscrúdaithe timpistí stáit eile i gceist leo. Measadh gur eachtraí beaga iad na heachtraí seo agus nár ghá don MCIB imscrúdú a dhéanamh orthu nó gur eachtraí iad ina raibh imscrúduithe á ndéanamh ag stát na brataí. I roinnt cásanna, theastaigh ó Éirinn sonraí a uaslódáil ar an Ardán Eorpach um Imscrúdú ar Thaismí Muirí (EMCIP)<sup>1</sup>.

Faigheann an MCIB tuairiscí freisin ar go leor eachtraí eile nach ndéantar imscrúdú orthu sa deireadh. Le linn 2020 rinne an MCIB measúnú ar 13 eachtra eile chun a chinneadh ar cheart imscrúdú a dhéanamh, agus sna cásanna seo chinn siad gur mionchásanna iad agus/nó nár dhócha go mbeadh aon mholadh úsáideach sábháilteachta ag teacht ó imscrúdú.

Bunaíodh an MCIB 18 mbliana ó shin agus go dtí deireadh mhí na Nollag 2020 tá 242 tuarascáil foilsithe aige ar theagmhais faoina shainchúram reachtúil. D'fhoilsigh an Bord dhá thuarascáil dheireanacha imscrúdaithe ar thaismí muirí in 2020.

As an dá theagmhas déag a tharla roimh Eanáir 2020 nár tuairiscíodh orthu faoi Eanáir 2020, tá deich dtuarascáil críochnaithe agus foilsithe. Tá imscrúduithe ar dhá eachtra a tharla in 2019, ceann a bhain le bád rámháiochta i stíl Oilimpeach ag Cora Bradán Thuamhan, Co. Luimnigh, i mí Feabhra 2019, agus eachtra cadhcáil marfach amháin ar Abhainn Chárthaí, Gleann Chárthaigh, Co. Chiarraí, i mí na Samhna 2019, fós leanúnach mar gheall ar chastachtaí na n-imscrúduithe.

Aibhsíonn an oiread sin eachtraí a bhain le seoltóireacht, rámháiocht, curachóireacht agus cadhcáil le cúpla bliain anuas na contúirt a bhaineann le gníomhaíochtaí a mbíonn daoine rannpháirteach iontu ar go leor leibhéal lena n-áirítear áineas agus spóirt. Is treocht é seo a thuiriscigh aonáin imscrúdaithe taismí muirí dár gcomharsana Eorpacha. Is ábhar imní ar leith í sábháilteacht san earnáil seo leis an méadú atá tagtha ar ghníomhaíochtaí áineasa agus saoire de bharr na paindéime Covid 19. Tá sé ríthábhachtach go dtuigeann aon duine nó grúpa atá ag gabháil don ghníomhaíocht seo an tábhacht a bhaineann le planáil bealaigh leordhóthanach agus tuiscint ar an sruthchúrsa.

Ba cheart go gcomhlíonadh cleachtais sábháilteachta na cleachtais a mholtar sa Chód Cleachtais (CoP): "Oibriú Sábháilte na nÁrthach Áineasa (2017)". Molann an MCIB go láidir do gach eagraíocht (go háirithe clubanna agus aonáin tráchtála) a bhfuil baint acu le spóirt uisce agus gníomhaíochtaí áineasa uisce a gcórais sábháilteachta a iniúchadh, agus aird a thabhairt ar an gCód Cleachtais agus ar na treoirí nua nó na moltaí go léir a eisíonn aon chomhlacht rialaithe spóirt. Thug an MCIB faoi deara toradh eachtra a d'fhéadfadh a bheith ina eachtra an-

1. Is bunachar sonraí agus córas dáilte sonraí é an tArdán Eorpach um Fhaisnéis ar Thaismí Mara (EMCIP) a oibríonn an Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí.

tromchúiseach ina raibh 5 duine ar dhá bhád seoil i mí Aibreáin 2021. D'iompaigh an dá bhád seoil béal fúthu in aimsir a bhí ag dul in olcas, bhí Gléasanna Snámha Pearsanta (PFD) ag an gcriú agus bhí an trealamh ceart á chaitheamh acu agus Rabhchán Aimsitheoir Pearsanta (PLB) a thug foláireamh do na seirbhísí éigeandála, agus cuireadh plean tarrthála i ngníomh láithreach. D'fhreastail baill an ghrúpa ar chúrsaí seoltóireachta agus bhí a fhios acu cad ba cheart dóibh a dhéanamh.

D'éirigh le RNLI na 5 duine a bhí san uisce le breis agus leath uair an chloig a tharrtháil. Cuireann an eachtra seo béim bheoga ar thábhacht agus luach na mbeart sábháilteachta a mholtar.

D'fhoilsigh an Bord dhá thuarascáil déag in 2020 agus bhain ocht gcinn díobh le hárthaí iascaireachta. Díobh siúd, bhí áirthaí iascaireachta tráchtála i gceist le sé cinn acu. Le raon na n-imthosca a tuairiscíodh, léirítear na rioscaí atá ann i ngníomhaíocht mhuirí le teagmhais a bhaineann le saincheisteanna sábháilteachta maidir le rochtain ar áirthaí, le tinte agus le himbhualtí. Sa dá imscrúdú a bhain le tinte, bhí raidiúnna EPIRBanna (Rabhchán Raidió a Thaispeánann Seasamh Éigeandála) agus raidiúnna VHF feistithe ar na hárthaí agus mar thoradh air sin tháinig an criú slán as gach cás gan mórán díobhála déanta dóibh (bhí luach an EPIRB ábhartha go háirithe i gcás amháin nár freagraíodh glao guaise VHF). I dTuarascáil Bhliantúil MCIB do 2019 thugamar tuairisc ar Fhógra Mara Uimh. 40 de 2019 ag an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt ag an am sin ina n-áitítear d'úsáideoirí áirthaigh áineasa trealamh VHF mara a iompar ar bord mar phríomhbhealach cumarsáide Guaise agus Sábháilteachta, agus tugadh comhairle láidir maidir le EPIRB agus/nó PLB a iompar. Bhí easpa modhanna cumarsáide éifeachtacha agus PFDanna le feiceáil i roinnt imscrúduithe mar fhachtóir a chuireann leis.

Mar a tuairiscíodh roimhe seo, i mí Iúil 2020 chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (AE) nár chuir Éire Airteagal 8.1 de Threoir 2009/18/CE an 23 Aibreán 2009 i bhfeidhm i gceart, lenar bunaíodh prionsabail bhreise lena rialaítear imscrúdú ar chatagóirí áirithe teagmhais mara tromchúiseach san earnáil iompair mhuirí. Chun tacú le neamhspleáchas leanúnach an MCIB, beag beann ar an gcatagóir imscrúdaithe, d'éirigh an bheirt cheapachán aireachta as an mBord, agus tá reachtaíocht ar a bealach trí Dháil Éireann chun ceapachán nua ar an mBord a éascú. Chuir an Coimisiún Eorpach tús le hathbhreithniú ar reachtaíocht an AE agus tá súil le Treoir nua laistigh den dá mhí dhéag amach romhainn. In Aibreán 2021 chuir an tAire Iompair tús le hathbhreithniú chun na struchtúir eagrúcháin reatha d'imscrúdú tairmí mara in Éirinn a mheas, agus chun aon mholadh a leagan amach chun na struchtúir imscrúdaithe tairmí mara is iomchuí agus is éifeachtaí d'Éirinn a bhaint amach, ag cur san áireamh oibleagáidí náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta. Is forbairt é seo ar cuireadh fáilte mór roimhe agus a d'fhéadfadh cur le níos mó shábháilteacht mhuirí a bhaint amach trí imscrúdú sábháilteachta in earnáil atá réasúnta beag i gcomparáid le cuid dár gcomharsana Eorpacha a bhfuil cósta móra acu.

### D'fhoilsigh an Roinn 61 Fógra Mara in 2020

Is féidir an liosta iomlán a rochtain anseo <https://www.gov.ie/en/collection/1424e2-marine-notice-2020/>

#### Foilsíodh na Fógraí Mara seo a leanas in 2020 tar éis tuarascálacha agus imscrúduithe MCIB:

18 de 2020	Teagmhais a Bhaineann le Dóiteáin agus Cailteanas Iomlán d'Árthach Iascaireachta 15-24m ar fhad.
25 de 2020	Dhá Eachtra Marfacha ar leithligh agus a bhíodas ag dul ar bord Árthach Iascaireachta.
30 de 2020	Comhairle Shábháilteachta maidir le Curachóireacht agus Cadhcáil. 41 de 2020 Bá Dillon Owen amach as Chuan Ard Ghlais.
58 de 2020	Dhá eachtra mharfacha ar leithligh a bhaineann le hiascaireacht áineasa ag daoine atá ag feidhmiú ina n-aonar.

#### Tá na Fógraí Mara 2020 seo a leanas ábhartha freisin do shaincheisteanna sábháilteachta go háirithe dóibh siúd atá ag obair i dtionscal na hiascaireachta.

3 de 2020	IR Uimh. 672 de 2019 Rialachán an Aontais Eorpaigh (Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair san Iascaireacht) (Uaireanta Oibre) 2019.
29 de 2020	Comhartha Aigéin Litir Faisnéise Seirbhíse EPIRB agus Meabhrúchán d'Úinéirí uile EPRIB chun Tástálacha agus Cigireachtaí Rabhcháin Rialta a Dhéanamh.
46 de 2020	Treoir ón gComhairle (AE) 2017/159 ag cur chun feidhme Chomhaontú na gComhpháirtithe Sóisialta maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin um Obair san Iascaireacht 2007 (leasaíodh an Fógra seo).

### Imscrúduithe Seachtracha ar Thairmí

Déanann imscrúdaitheoirí seachtracha gach imscrúdú ar thairmigh. Tá painéal imscrúdaitheoirí ar fáil don Bhord lena

n-áirítear pearsanra a bhfuil cáilíochtaí teicniúla acu ar nós ailtirí cabhlaigh, innealtóirí mara nó oifigigh deice. Léiríonn an painéal inniúlacht agus taithí mhuirí leathanbhunaithe atá ábhartha agus iad ag tabhairt faoi imscrúduithe neamhspleácha. Déantar imscrúduithe sábháilteachta agus é mar chuspóir amháin tasmigh mhuirí agus eachtraí mara a chosc sa todhchaí. Níl siad deartha chun dliteanas nó milleán cionroinnte a chinneadh.

De ghnáth bíonn na céimeanna agus na torthaí seo a leanas i ngnáthphróiseas imscrúdaithe:

<b>Fógra</b>	Nuair a chuirtear taismeach nó eachtra mara ar an eolas faoin MCIB, caithfear measúnú a dhéanamh chun cinneadh a dhéanamh ar cheart imscrúdú a dhéanamh.
<b>Fianaise a Bhailiú</b>	Chomh luath agus a sheoltar an t-imscrúdú, tá sé tábhachtach fianaise a bhailiú go gasta, agallaimh finnétithe san áireamh, chun cúinsí an teagmhais agus seicheamh na n-imeachtaí a thuiscint.
<b>Anailís ar fhianaise</b>	Caithfear anailís cheart a dhéanamh ar fhianaise chun na tosca ba chúis leis an taismeach nó an eachtra mara a aithint. Leagtar an bhéim ar thuiscint a fháil ar an gcúis gur cúis le gníomh nó riocht neamhshábháilte an taismeach agus an comhthéacs, fisiceach nó eagraíochtúil, inar tharla an taismeach nó an eachtra.
<b>Teacht ar conclúidí</b>	Leis na conclúidí, sainnaithnítear na saincheisteanna sábháilteachta agus na cosaintí atá in easnamh nó neamhleor (ábhartha, feidhmiúil, oideachasúil nó nós imeachta) ar féidir gníomhartha sábháilteachta a fhorbairt ina leith chun tasmigh mhuirí a chosc.
<b>Gníomhartha feabhais a chinneadh</b>	Más cuí, déanann BITM Moltaí Sábháilteachta, is é sin tograí maidir le gníomhartha feabhais chun tasmigh agus teagmhais muirí amach anseo a chosc, don Roinn Iompair agus do chomhpháirtithe eile is fearr ar féidir leo bearta den chineál sin a chur i bhfeidhm.
<b>Tuarascáil</b>	Ag deireadh an imscrúdaithe, cuirtear tuarascáil le chéile a sholáthraíonn, i measc nithe eile, na fíricí inaitheanta maidir le dálaí an imeachta, anailís ar na cúinsí atá taobh thiar de agus na conclúidí. Foilsítear an tuarascáil d'fhonn na ceachtanna sábháilteachta a scaipeadh ar an bpobal muirí. Uaslódáiltear sonraí faoi thasmigh agus eachtraí mara ar Ardán Eorpach um Imscrúdú Tasmí Muirí (EMCIP), agus ar an gcaoi sin tacaítear lena n-anailís.

### Tuarascálacha a Foilsíodh in 2020

D'fhoilsigh an Bord dhá Thuarascáil Dheireidh dhéag i rith 2020. Tugtar na sonraí iomlána ar leathanaigh 15 go 26.

### Imscrúduithe in 2020

Chuir an Bord tús le himscrúduithe ar ocht n-eachtra in 2020. Tugtar sonraí achoimre ar na teagmhais sa tábla thíos. Tá sonraí iomlána faoi gach teagmhas leagtha amach ar leathanaigh 11 agus 14.

Tharla cúig cinn de na hocht teagmhais a raibh imscrúdú de dhíth orthu i dtionscal na hiascaireachta, bhain dhá cheann le hárthaí áineasa (cadhc amháin agus ártach pléisiúir amháin) agus bhain ceann amháin le hárthach trádála.

Earnáil	Teagmhais	Bá	Básanna	Gortuithe
Iascaireacht	5	3	4	2
Lastas Ginearálta	1	0	0	0
Áineasa	2	1	0	0
Paisinéara	0	0	0	0
<b>Iomlán</b>	<b>8</b>	<b>4</b>	<b>4</b>	<b>2</b>

### Árthaí Iascaireachta

Tharla cúig theagmhas a bhain le soithí iascaireachta, agus fuair daoine bás i dtrí cinn díobh.

- Bás de bheirt dhuine den chriú agus bá ártach i nDún Canann, Co. Loch Garman (05/01/2020).
- Cailliúint ártach amach as Rinn Mhuintir Bháire Co. Chorcaí de bharr tine, agus gortaíodh beirt chriú dá bharr (04/03/2020) (foilsíodh an tuarascáil an 23 Nollaig 2020).
- Damáiste tromchúiseach don ártach nuair a bhail sé carraigeacha ag na Blascóidí (14/05/2020) (foilsíodh tuarascáil an 29 Nollaig 2020).

- Bás de dhuine den chriú, nuair a cailleadh ártach nuair a tháinig sé i dtír leis an sruth ar charraigeacha, Teileann, Co. Dhún na nGall (26/08/2020).
- Bás de dhuine den chriú idir an Charraig Dhubh agus Trá na gCeann i gContae na Gaillimhe (2/11/2020).

### Árthach Áineasa

Tharla dhá theagmhas le hárthaí áineasa.

- Dóiteáin agus cailliúint cúrsála mótaí, Cora Droma Rúisc (06/09/2020).
- Teagmhas cadhcála ag Cuan Bhlóic, Deilginis (13/09/2020).

### Árthach Iastas

Tharla teagmhas amháin ina raibh rith cladaigh i gceist.

- Árthach trádála ina raibh rith cladaigh i gceist i mBaile Choitín, Co. Chorcaí (16/02/2020).

Tá táblaí mionsonraithe de theagmhais a ndearnadh imscrúdú orthu agus a tharla sna blianta 2011 go 2020 ar leathanaigh 27 agus 28 den tuarascáil seo. Tá achoimre ar gach teagmhas a imscrúdaíodh a tharla sna blianta seo le fáil sa tábla thíos:

	2011	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020
Básanna	7	13	6	5	5	9	6	8	6	4
Gortuithe	Nialas	4	Nialas	1	0	14	Nialas	Nialas	1	2
Árthaí i gceist	12*	17	6	7	7	15	5	5	7	8

\* Ní chuimsítear san figiúr seo an teagmhas ag Ceann an Chloichir in 2011 ina raibh go leor cadhcanna i gceist leis.

### Eitic in Oifigí Poiblí

Le linn 2020, chomhlíon gach ball den Bhord na forálacha agus na ceanglais is infheidhme maidir leis na hAchtanna um Eitic agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Phoiblí, 2001.

### Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe Boird as a dtacaíocht i mbliana agus as a gcuid oibre le linn 2020 as freagrachtaí reachtúla an Bhoird a chomhlíonadh go rathúil. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil lenár mbeirt bhall Boird atá ag dul as oifig Brian Hogan agus Nigel Lindsay as a rannchuidiú luachmhar leis an MCIB. Ba mhaith liom ómós a thabhairt freisin do mo chomhghleacaithe reatha ar an mBord a thug a gcuid ama agus saíneolaí le croí mór don MCIB le bliain anuas. Ní féidir liom luach a gcuid rannchuidithe agus tacaíochta domsa agus don MCIB a rómheas agus muid ag fanacht leis an reachtaíocht nua agus le ceapaithe nua ar an mBord. Léirítear éachtáil na bliana freisin san fhoilsiú de dhá thuarascáil déag ar imscrúduithe in 2020. Ní bheifí in ann aon chuid den obair sin a dhéanamh gan saíneolas ár n-imscrúdaitheoirí ar mhaith liom buíochas a ghabháil leo.

Is cúis áthais dom freisin aitheantas a thabhairt d'obair shármhaith na Rúnaíochta nach bhféadfadh an Bord feidhmiú gan a scileanna agus a dtaithe tiomnaithe. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a gcuid oibre crua i dtimpeallacht dhúshlánach le hacmhainní teoranta. Ba mhaith leis an mBord freisin a mbuíochas agus deamhain a ghabháil le Rúnaí an Bhoird Denise Hyland a d'imigh ar scor i mí na Nollag agus buíochas a ghabháil léi as a seirbhís d'obair an Bhoird. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Margaret Bell a ghníomhaigh roimhe seo mar Rúnaí an Bhoird ó 2012 go 2018.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil as an gcabhair a thug tú mar Aire, agus a thug d'oifigigh sa Rannán um Beartas Sábháilteachta Muirí, don Bhord le linn 2020.



CLAIRE CALLANAN  
CATHAOIRLEACH

# Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta



**Ms. Claire Callanan,**  
Cathaoirleach, Aturnae



**Dorothea Dowling Uasal,**  
Leas-Chathaoirleach,  
Árachóir Cairte agus  
Idirghabhálaí Creidiúnaithe



**An tUasal Frank Cronin,**  
Frank Cronin, Innealtóir Muirí  
Aicme 1 comhcheangailte, FCII,  
Árachóir Cairte

Rúnaí: Margaret Bell Uasal  
Rúnaíocht: An tUasal Paul Hallissey,  
an tUasal Philip Grattan  
Oifig Chláraithe: Lána Leeson,  
Baile Átha Cliath 2  
Teileafón: 01-6783485  
Ríomhphost: info@mcib.ie  
Suíomh Gréasáin: www.mcib.ie



Seo a leanas roinnt faisnéise ginearálta maidir leis an mBord Imscrúdú Taismí Mara (MCIB).

## Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingseoireacht Cheannaíochta) (Imscrúdú ar Thimpistí) 2011 IR Uimh. 276 de 2011 (“na Rialacháin”) is é an MCIB an comhlacht in Éirinn atá sainordaithe chun eachtraí a thagann faoi Threoir 2009/18/CE an AE (“an Treoir”) lena rialaítear imscrúdú timpistí san earnáil iompair mhuirí.

## Feidhm an Bhoird

Is é feidhm an MCIB imscrúduithe a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar a shainmhínítear in Alt 2 den Acht agus sna Rialacháin. Le linn don BITM a fheidhmeanna a chur i bhfeidhm, comhlíontar forálacha Chód Imscrúdaithe Taismí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus an Treoir. Cuirtear an Treoir i bhfeidhm i ndlí na hÉireann leis an Rialachán (IR Uimh. 276 de 2011) agus níl feidhm aici ach maidir le cuid de na teagmhais atá faoi imscrúdú. Déantar imscrúduithe faoi raon feidhme na Treorach de réir cheanglais na Treorach agus na Modheolaíochta Coitianta mar atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1286/2011 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2011.

**De réir an Achta, Ciallaíonn Taisme Mhuirí imeacht nó próiseas is cúis leis an méid seo a leanas nó a chruthaíonn bagairt i leith an méid seo a leanas:**

- (a) bás nó gortú tromchúiseach do dhuine;
- (b) duine a chailleadh thar bord;
- (c) ártach nó maoin a chailleadh, a ligean ar thalamh, damáiste d'ártach nó maoin, nó imbhuailadh le hártach nó maoin; nó
- (d) damáiste suntasach don chomhshaol, i ndáil le hoibriú:
  - (i) ártach in uiscí na hÉireann;
  - (ii) ártach cláraithe Éireannach, in uiscí áit ar bith; nó
  - (iii) ártach a bhíonn lonnaithe nó feistithe de ghnáth in uiscí na hÉireann agus atá faoi rialú ag cónaitheoir de chuid an Stáit in uiscí idirnáisiúnta atá tadhlach le huiscí na hÉireann.

**Is í aidhm gach imscrúdaithe ná:**

1. Cúis nó cúiseanna taisme mhuirí a aimsiú.
2. Tuairisc a thabhairt ar an taisme mhuirí d'fhonn moltaí a dhéanamh maidir le taismí muirí den chineál céanna a sheachaint.

***Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara NACH é cuspóir imscrúdaithe milleán nó locht a chur ar dhuine. Is comhlacht neamh-ionchúiseach é an Bord. Is feidhm de chuid Comhlachtaí Reachtúla, cosúil leis an nGarda Síochána srl., é aon ionchúiseamh a éiríonn as aon taisme a sheoladh.***

## Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an MCIB arna maoiniú ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Seoltar cóip de thuarascáil deiridh gach imscrúdaithe chuig an Aire chun na moltaí a rinneadh ann a bhreithniú.

Cuirtear gach tuarascáil ar fáil don phobal (arna iarraidh sin) saor in aisce nó is féidir teacht orthu ar shuíomh gréasáin MCIB ag [www.mcib.ie](http://www.mcib.ie).



# Teagmhais agus Imscrúduithe 2020



Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2020

# Réamhrá

Ó bunaíodh é in 2002, agus suas go deireadh 2020, tá tuarascálacha foilsithe ag an mBord ar 242 cás.

Léiríonn na staitisticí atá sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla áirthe a bhí i gceist agus an cúis/na cúiseanna le gach teagmhas ar leith. Tugann sé seo léargas don léitheoir ar raon feidhme agus obair an Bhoird. Go dtí seo, coinníodh na formáidí tuairiscithe i bhfoirm sheasmhach ionas gur féidir comparáid a dhéanamh le teagmhais agus le tuarascálacha a bhí ann i mblianta roimhe seo

Foilsítear gach tuarascáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird, [www.mcib.ie](http://www.mcib.ie), agus tá siad ar fáil ar iarratas chuig an Rúnaíocht.

# Achoimre ar na teagmhais a ndearnadh imscrúdú orthu a tharla le linn 2020

1 Eanáir go 31 Nollaig 2020

Teagmhais atá á n-imscrúdú ag an mBord ó 2020.

## Ainm an áirthaigh/Teagmhais: **FV Alize/Teagmhas Marfach**

<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	4 Eanáir, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Árthach iascaireachta <15 m
<b>CINEÁL TEAGMHAIS</b>	Bá
<b>BÁSANNA</b>	2 Bhás
<b>ACHOIMRE</b>	<p>An 3 Eanáir 2020, d'fhag an t-árthach iascaireachta "FV Alize" Cuan Dhún Canann le beirt ar bord, chun dul ag iascaireacht muiríní.</p> <p>Ag 20.45 uair (uair) an lá dar gcionn thug an Scipéir, le linn comhrá ar theileafón soghluaiste le ball teaghlaigh, le fios go raibh siad ar a dtarraingt dheireanach (trál) agus go mbeidís ag filleadh ar Chuan Dhún Canann. Ag 22.34 uair an chloig cuireadh in iúl don Ionad Comhordaithe Tarrthála Mara (MRCC), Baile Átha Cliath, gur ghníomhaigh EPIRB cláraithe Éireannach seacht muirmhíle (NM) siar ó dheas ó Rinn Duáin.</p> <p>Chuir MRCC Bhaile Átha Cliath de chúram ar héileacaptar tarrthála Gharda Cósta na hÉireann R117 agus ar bháid tarrthála RNLI Ché Dhún Mór agus Chill Mhór dul ar aghaidh chuig láthair gníomhachtaithe EPIRB. Ghnóthaigh héileacaptar tarrthála R117 duine amháin ón bhfarraige. Iompraíodh an taismeach chuig Ospidéal Ollscoile Phort Láirge áit ar fógraíodh ina dhiaidh sin go raibh sé marbh. Rinneadh oibríocht chuardaigh fhairsing don dhuine eile den chriú a bhí ar iarraidh.</p> <p>Aimsíodh an raic de "FV Alize" suite ar ghrinneall na farraige i gcomharsanacht shuíomh gníomhachtaithe EPIRB. Ghnóthaigh tumadóirí an corp den dara duine den chriú ón raic ar an 24 Eanáir 2020.</p>

## Ainm an áirthaigh/Teagmhais: **MV ALTA/Rith Cladaigh**

<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	16 Feabhra 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Árthach Ceannaíochta (nach raibh faoi cheannas)
<b>CINEÁL TEAGMHAIS</b>	Rith Cladaigh
<b>BÁSANNA</b>	Duine ar bith
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Is long ceannaíochta í an t-árthach ceannaíochta "MV Alta" Isa a tógadh i 1976. Bhí an criú sáinnithe ar bord tar éis don long a raibh siad orthu míchumasaithe agus nach bhféadtar an míchumas a dheisiú ar thuras ón nGréig go Háití. Thréig an criú "MV Alta" agus fágadh í ag imeacht le srith i mí Dheireadh Fómhair 2018 tar éis d'oibríocht faoisimh ó Gharda Cósta na Stáit Aontaithe tarrtháil a dhéanamh ar chriú de thart ar 10 dhuine timpeall 1,400 míle soir ó dheas ó Bheirmiúda. An 3 Meán Fómhair 2019, chonaic Cabhlach Ríoga na RA "HMS Protector" an "MV Alta", thréigthe i lár an Aigéin Atlantaigh. Chuaigh an long thréigthe le sruth soir agus ar deireadh tháinig sí i dtír i gCuan Bhaile Aindrín agus rith sí chun cladaigh in aice le Baile an Choitín, Co. Chorcaí, Éire.</p>

### Ainm an árthaigh/Teagmhais: **FV Kayleigh**

<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	4 Márta, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Árthach lascaireachta <15 m
<b>CINEÁL TEAGMHAIS</b>	Dóiteáin
<b>BÁSANNA</b>	Duine ar bith
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Ar tráthnóna an 3 Márta 2020, bhí an t-árthach iascaireachta “<i>FV Kayleigh</i>” ag iascaireacht 9 NM siar ó dheas amach ó Rinn Mhuintir Bháire le beirt chriú ar bord nuair a bhris tine amach in urrann innill an árthaigh. Gortaíodh an criú nuair a dódh iad Lean an tine in urrann an innill agus thosaigh an t-árthach ag ligean uisce isteach.</p> <p>D’éisigh an Scipéir glao guaise Mayday ar VHF ag 23.10 uair go raibh an bád trí thine agus ag ligean isteach uisce. Rinneadh Rabhchán EPIRB an t-árthach iascaireachta a ghníomhachtú ag 23.21 uair nuair a thréig an criú an t-árthach agus chuaigh siad ar bord rafta tarrthála inséidte. D’aithin tarchur EPIRB an t-árthach mar an “<i>FV Kayleigh</i>”.</p> <p>Ba é bád tarrthála RNLi Chaisleáin Bhéarra an chéad bhád ar an láthair agus ag thart ar 23.58 uair an chloig bhailigh sé an bheirt duine gortaithe den chriú óna rafta tarrthála agus chuaigh siad ar aghaidh láithreach go Caisleáin Bhéarra chun an bheirt a thabhairt i dtír le haghaidh cóireála leighis. D’aeraistrigh héileacaptar tarrthála Gharda Cósta na hÉireann R115 an bheirt dhuine gortaithe go hAerfort Chorcaí le haistriú ar aghaidh in otharcharr chuig Ospidéal Ollscoile Chorcaí le haghaidh cóireála.</p> <p>Tréigeadh an t-árthach iascaireachta agus chuaigh sé le srurg agus toimhdeofar go ndeachaigh sí go tóin poill am éigin luath an 4 Márta.</p>

### Ainm an árthaigh/Teagmhais: **FV Dearbhla**

<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	14 Bealtaine 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Árthach lascaireachta > 15 m
<b>CINEÁL TEAGMHAIS</b>	Rith Cladaigh
<b>BÁSANNA</b>	Duine ar bith
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Ag thart ar 04.10 uair ar maidin an 14 Bealtaine 2020 agus é ar a bhealach ó Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe go Binn Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath, bhuail “<i>FV Dearbhla</i>” le cúigear criú ar bord, na carraigeacha ag leithinis thiar thuaidh oileán Inis na Bró in oileánra na mBlascóidí amach ó chósta Chontae Chiarraí.</p> <p>Tar éis na tuairte tosaigh bhí an t-árthach in ann gluaiseacht chuig uisce níos doimhne agus rinne an criú imscrúdú ar mhéid an damáiste. Ní dhearnadh aon dochar don chriú ach aimsíodh ina n-imscrúduithe ar dhamáiste go ndearnadh damáiste teagmhála trom do ghoba an árthaigh. Níor aimsigh siad aon uisce ag dul isteach faoin líne uisce. Níor cuireadh na seirbhísí éigeandála ar an eolas faoin rith cladaigh agus lean an t-árthach ar a turas go Binn Éadair.</p> <p>Cuireadh úinéir an árthaigh ar an eolas faoin eachtra ag thart ar 08.00 uair an lá sin. Shocraigh an t-úinéir go rachadh an t-árthach ar aghaidh go Caisleán Bhéarra chun an damáiste agus na deisiúcháin a iniúchadh. Léirigh an chigireacht go ndearnadh damáiste mór teagmhála don árthach dá stuimine ag an líne uisce agus go raibh poill inti os cionn na líne uisce faoi na goba.</p>

Ainm an áirthaigh/Teagmhais: **Mirror of Justice**

<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	26 Lúnasa, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Árthach Iascaireachta <15 m
<b>CINEÁL TEAGMHAIS</b>	Bá
<b>BÁSANNA</b>	1 Bhás
<b>ACHOIMRE</b>	An 26 Lúnasa 2020, an t-árthach iascaireachta " <i>Mirror of Justice</i> " tháinig sé i dtír ar charraigeacha siar ó Bhá Theilinn. Cuireadh oibríocht chuardaigh agus tarrthála fairsing i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh teacht ar an iascaire aonair ar leis an árthach agus a d'oibrigh é. Mar gheall ar at san Atlantach bhris an t-árthach suas ar na carraigeacha ar a dtáinig sé i dtír. Go gairid ina dhiaidh sin fuarthas an taismeach ar snámh ½ míle ar shiúl in aice le smionagar ón raic ag caitheamh craicne ola de chineál snámhe ach gan PFD.

Ainm an áirthaigh/Teagmhais: **Carrickcraft**

<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	6 Meán Fómhair, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Árthach Pléisiúir
<b>CINEÁL TEAGMHAIS</b>	Dóiteáin
<b>BÁSANNA</b>	Duine ar bith
<b>ACHOIMRE</b>	Ar 6 Meán Fómhair 2020, d'fhág ceathrar cliant de Carrickcraft, tar éis cúrsóir móitair Linssen 35 a fháil ar cíos an lá roimhe sin, Cora Droma Rúisc ag dul ó dheas. Thart ar 45 nóiméad tar éis tús a dturais, in aice le Cill Srianáin, bhris tine amach in urrann an innill. Thréig na cliant an t-árthach ar bhád cairte a bhí ag dul tharastu. D'fhreastail an bhriogáid dóiteáin ar an láthair agus mhúch sí an tine. Go luath ina dhiaidh sin chuaigh an t-árthach go tóin poill i thart ar 8 méadar (m) uisce.

## Ainm an áirthaigh/Teagmhais: **Teagmhas Cadhcála**

<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	13 Meán Fómhair, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Roinnt Cadhcanna
<b>CINEÁL TEAGMHAIS</b>	Bagairt ar shaol/gortú
<b>BÁSANNA</b>	Duine ar bith
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Go déanach san iarnóin/tráthnóna Dé Domhnaigh 13 Meán Fómhair 2020, chuaigh páirtí de chúigear cadhcóir déag (an Grúpa) ar thuras tráchtála cadhcála ar an bhfarráige. Ba é an plean a bhí beartaithe turas ar ais ó Chuan Bhlóic go Oileán Dheilginse, agus ar ais. Bhí triúr teagascóirí agus dáréag rannpháirtí sa Ghrúpa. Scaradh an Grúpa in aon ghrúpa beag ó thuaidh ó Chuan Bhlóic agus an dara grúpa níos mó i dtreo cheann thuaidh Chlochar Loreto.</p> <p>Chuir triúr bhall den phobal ar leithligh 999 glao idir 19.03 uair agus 19.14 uair chun fógairt a thabhairt faoi chadhnadóirí a raibh deacrachtaí acu. Bhí an Grúpa Beag comhdhéanta de dhá chadhc; cadhc amháin agus cadhc dúbailte. Ní raibh siad in ann déileáil leis na tonnta a raibh rompu amach as Chuan Bhlóic, d’imigh an Grúpa Beag le sruth ó thuaidh. Thiontaigh tonn an cadhc aonair agus caitheadh an Rannpháirtí as an bpoll stiúrtha. Bhí an Rannpháirtí seo, le cúnamh ó dhá Theagascóir in dhá chadhc aonair ar leithligh, in ann dul ar ais ina chadhc.</p> <p>Caitheadh amach í den dara huair, áfach, agus tugadh cabhair di den dara huair dul isteach ina cadhc agus caitheadh amach an tríú huair í. Ar an tríú huair, choinnigh an Rannpháirtí seo a lámha ar an cadhc san uisce go dtí gur tháinig tríú Teagascóir agus, le cúnamh ó cheann de na Teagascóirí eile, chuir sé an Rannpháirtí seo ar ais ina cadhc. Chuaigh siad siúd a bhí ar an gcadhc dúbailte (de réir an Rannpháirtí) a bhí mar chuid den Ghrúpa Beag isteach san uisce agus thug iascairí áitiúla cúnamh dóibh. Rinne pearsanra otharchairr ar an gcladach ag Cuan Bhlóic measúnú ar na Rannpháirtithe sa Ghrúpa Beag.</p> <p>Bhí an Grúpa Mór comhdhéanta de roinnt cadhcanna dúbailte agus singil, naonúr Rannpháirtí san iomlán, a mbealach chuig carraigeacha cois cladaigh gar do cheann thuaidh Chlochar Loreto agus uaidh sin, thrasnaigh siad na carraigeacha agus shiúil siad ar aghaidh go Cuan Bhlóic. Tugadh cuntas ar na Rannpháirtithe agus na Teagascóirí go léir agus tháinig siad i dtír slán sábháilte.</p>

## Ainm an áirthaigh/Teagmhais: **FV Myia**

<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	2 Samhain, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Árthach Iascaireachta <15 m
<b>CINEÁL TEAGMHAIS</b>	Bá
<b>BÁSANNA</b>	1 Bhás
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Ag thart ar 12.00 uair an 3 Samhain 2020 d’fhág beirt fhear Gaillimh ar an “FV Myia” chun potaí séacla a aisghabháil agus a athshocrú amach ó chósta Bhóthar na Trá. Ag thart ar 13.30 uair an chloig bhí na fir ag athshocrú sraith photaí nuair a chuaigh duine de na fir thar bord agus chuaigh sé i bhfostú i rópa a bhí ceangailte le sraith na bpotaí. Tharraing meáchan shraith na bpotaí in éineacht le sruth an áirthaigh go tapa é faoin uisce.</p> <p>Chuathas i dteagmháil le Bainisteoir Oibríochtaí Bád Tarrthála RNLI na Gaillimhe ar an bhfón póca agus d’iarr sé láithreach lucht glactha a ghníomhachtú chun an Bád Tarrthála Intíre a sheoladh láithreach. Tháinig an ILB ar an láthair go gasta agus bhain sé an fear ón uisce. Aistríodh é chuig otharcharr nuair a shroich sé stáisiún an Bháid Tarrthála agus tugadh go hOspidéal Ollscoile na Gaillimhe é áit ar fógraíodh go raibh sé marbh.</p>



# Achoimre ar na Tuarascálacha a Foilsíodh 2020

1 Eanáir go 31 Nollaig 2020

Ainm an áirtheigh/Teagmhais: <b>Eachtra Marfach ar Loch Gile</b>	
<b>DÁTA FOILSEACHÁIN</b>	22 Aibreán, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Árthach Áineasa - Canú
<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	26 Eanáir, 2019
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Ar an Satharn 26 Eanáir 2019, d'imigh canúist as cé i gCuan Trawane, os comhar oileán beag Inis Fraoigh, ar Loch Gile, Co. Shligigh, i gcanú oscailte Cheadana. Bhí sé leis féin agus thaisit sé achar gairid siar feadh chladach Loch Gile go Coill an tSleasa áit ar chroch sé puball gar don chladach ar an mórthír.</p> <p>Ar an Máirt 29 Eanáir 2019, thug páirtí an churachóra cuairt ar an gceantar, tar éis dó a bheith buartha faoina easpa cumarsáide, agus chonaic sé an t-árthach iompaithe bun os chionn ar chladach an locha, soir ón gcé in aice le coillte na Cuileantraí agus soir ó láithreán an champa agus ghlaigh sé ar sheirbhís éigeandála tríd an "gcóras 999". Tugadh foláireamh don Gharda Cóstá agus chuir siad tús le cuardach ar an gceantar.</p> <p>D'aimsigh héileacaptar an Gharda Cóstá R118 an Taismeach agus tógadh ón loch é agus tugadh go hOspidéal Ginearálta Shligigh é, áit ar fógraíodh go raibh sé marbh.</p>
<b>GORTUITHE/BÁSANNA</b>	1 Bhás
<b>CÚIS AN TEAGMHAIS</b>	<p>Thaispeáin na cairteacha a cuireadh ar fáil go raibh foscadh sa phasáiste cois cladaigh ar Inis Fraoigh. Mar sin féin, agus coillte na Cuileantraí á fhágáil aige, dá rachadh an Taismeach ann, bheadh an chéad 100 méadar dá bhealach nochtaithe don ghaoth, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé deacair smacht a choinneáil ar an gcanú fiú le linn aimsire réasúnta.</p> <p>Chomh luath agus a chuaigh an Taismeach isteach san uisce, is dócha go mbraithfeadh sé láithreach turraing an uisce an-fhuar. B'fhéidir gur imigh an bád le sruth, agus b'fhéidir nár éirigh leis fanacht air nó leis chun buacacht leordhóthanach a bhaint amach, in ainneoin gur snámhóir cumasach a bhí ann.</p> <p>Ní bheadh an Taismeach in ann ag coinneáil ag snámh leis an PFD a raibh air mar a bheadh le seaicéad tarrthála inséidte. Níor ceapadh é ach chun cabhrú leis an duine fanacht ar snámh agus snámh go sábháilte. Ba iad na coisbheart a chaith an Taismeach ná buataisí báistí oscailte a chuirfeadh ualach air agus é thíos faoin uisce.</p>

Ainm an áirtheaigh/Teagmhais: <b>MFV Menhaden, na Cealla Beaga</b>	
<b>DÁTA FOILSEACHÁIN</b>	30 Aibreán, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Trálaer > 15 m
<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	14 Márta, 2019
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Taifeadadh an Taismeach don uair dheireanach ar theilifís chiorcaid iata (CCTV) ag 00.55 uair ar an Déardaoin 14 Márta 2019. Bhí a áirtheach, an “MFV Menhaden”, feistithe taobh amuigh den “MV Grip Transporter” a bhí feistithe lasmuigh de thríú áirtheach, an “MFV Olgarry”. Ghlac an scannán CCTV íomhánna den Thaismeach ag dreapadh an gheata ón gcé ar dheasbhord “MFV Olgarry”. Chonacthas ansin é ag bogadh siar i dtreo bhord na sceathraí den “MFV Olgarry” sular imigh sé as radharc taobh thiar den chábán stiúrach. Ní raibh sé le feiceáil arís ar an scannán CCTV ar aghaidh ón gcábán stiúrach nó lár an bháid ina raibh an stangairt chuig an “MV Grip Transporter” rigeáilte.</p> <p>Ag thart ar 10.30 tugadh foláireamh don Mháistir Cuain go raibh an Taismeach ar iarraidh. Tar éis dó na píosaí scannáin CCTV a fheiceáil chuaigh an Máistir Cuain i dteagmháil leis an bhFo-Ionad Tarrthála Mara (MRSC) ag Cionn Mhálanna a chuir ghlaigh ar Gharda Cósta na gCealla Beaga ag 12.51. Seoladh bád an Gharda Cósta ag 13.10 agus cuireadh tús le cuardach cladaigh. Ag 13.25 chonacthas corp ar an gcladach ar an taobh thoir den chuan. Ag 13.40 tháinig criú cladaigh an Gharda Cósta ar an láthair agus ghlaigh siad ar Ghardaí Bhéal Átha Seanaidh chun iarradh orthu freastal ar an láthair le dochtúir.</p> <p>Thug an fhianaise le fios go ndeachaigh an Taismeach isteach san uisce agus é ag aistriú ón “MFV Olgarry” ag thart ar 01.00. Bhí an aimsir go dona ag an am le go leor gluaiseachta idir áirtheaigh. Bhí stangairt rigeáilte idir an “MFV Olgarry” agus “MV Grip Transporter” ach ní raibh aon íomhánna ar pháosaí scannáin CCTV den</p>
<b>GORTUITHE/BÁSANNA</b>	Taismeach ag baint úsáide as an stangairt.
<b>CÚIS AN TEAGMHAIS</b>	<p>1 Bhás</p> <p>Is dóichí gur thit an Taismeach isteach san uisce agus é ag bogadh idir an “MFV Olgarry” agus an “MV Grip Transporter”. I measc na bhfachtóirí is cúis leis bhí tomhaltas alcóil, coinníollacha aimsire agus easpa trealaimh chosanta pearsanta (TCP).</p> <p>Ní raibh stangairt san áireamh sna socruithe bordála idir an “MV Grip Transporter” agus “MFV Menhaden”.</p>

Ainm an áirthaigh/Teagmhais: <b>MFV Ellie Adhamh</b>	
<b>DÁTA FOILSEACHÁIN</b>	8 Bealtaine 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Trálaer > 15 m
<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	19 Bealtaine 2019
<b>ACHOIMRE</b>	<p>De réir mar a bhí an criú feistis ag ullmhú <i>"MV Stena Nordica"</i> teacht chun duga ag thart ar 03.40 an 19 Bealtaine 2019, thug siad faoi deara fear ag dul thart ar bheart Uimh. 3. Bhí an chuma air go raibh sé corrach ar a chosa agus chuir sé in iúl don chriú feistithe go raibh sé ag dul chuig an <i>"MFV Ellie Adhamh"</i>. Chonacthas ansin go ndeachaigh an fear ar aghaidh i dtreo bheart Uimh. 4 áit a raibh an t-árthach sin feistithe.</p> <p>Tháinig an líne dheireanach i dtír ón <i>"MV Stena Nordica"</i> ag thart ar 03.55. Ansin chuaigh ball den chriú feistithe le seiceáil an raibh an fear ceart go leor. Agus é ag druidim leis an <i>"MFV Ellie Adhamh"</i> chuala sé torann ag teacht idir an t-árthach agus balla an ché. Tháinig na baill eile den chriú feistithe agus aimsigh siad aghaidh an Taismigh síos san uisce.</p> <p>Ansin chuaigh an criú feistithe i dteagmháil leis an Rialaitheoir Calafóirt Dleachta a rinne teagmháil leis na seirbhísí éigeandála. Sheol an <i>"MV Stena Nordica"</i> a bád tarrthála agus ghnóthaigh siad an Taismeach. Thug siad é chuig Stáisiún an Bháid</p>
<b>GORTUITHE/BÁSANNA</b>	Tarrthála ach in ainneoin idirghabháil leighis níor mhair an Taismeach
<b>CÚIS AN TEAGMHAIS</b>	<p>1 Bhás</p> <p>Is dóigh gur ghluais an t-árthach go mór mar gheall ar ainliú an <i>"MV Stena Nordica"</i> i ngar dó. De réir mar a chuaigh an t-árthach taobh thiar isteach ina bheart bheadh sé ina chúis le sreabhadh suntasach uisce i gcomharsanacht an <i>"MFV Ellie Adhamh"</i>.</p> <p>Ní raibh bealaí sábháilte rochtana ar an áirthach ag gach staid taoide le feiceáil.</p> <p>Dheimhnigh an tuarascáil anailíse tocsaineolaíochta ón scrúdú iarbháis go raibh an Taismeach faoi thionchar alcóil agus go mbeadh sé ina chontúirt dó féin agus do dhaoine eile i limistéar an chalafóirt tráth an teagmhais.</p> <p>Níor chaith an Taismeach aon PFD.</p> <p>Nil fodhlíthe ag Rosslare Europort a rialaíonn oibriú áirthaí iascaireachta a oibríonn laistigh dá dhlínse.</p>

Ainm an áirthaigh/Teagmhais: <b>FV Dillon Owen</b>	
<b>DÁTA FOILSEACHÁIN</b>	26 Meitheamh 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Árthach lascaireachta > 15 m
<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	23 Deireadh Fómhair, 2019
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Ar maidin an 23 Deireadh Fómhair 2019, beidh an <i>"FV Dillon Owen"</i> agus iad ag druidim le Cuan Ard Ghlais, Tuaisceart Éireann, chaill siad cumhacht agus bhog siad ar charraigeacha ag Pointe Phennick. Aeraistríodh an cúigear bhall den criú. Níor éirigh le hiarrachtaí báid tarrthála RNLi an t-árthach a tharraingt agus d'fhan an t-árthach iascaireachta ar na carraigeacha ag feitheamh ar oibríocht tarrthála. Chuaigh an <i>"FV Dillon Owen"</i> go tóin poill sna laethanta ina dhiaidh sin. Rinneadh an raic a aisghabháil agus a sheoladh lena scartáil.</p> <p>Níor gortaíodh criú ná truailliú an chomhshaoil leis an eachtra seo.</p>
<b>GORTUITHE/BÁSANNA</b>	Ceann ar bith.
<b>CÚIS AN TEAGMHAIS</b>	<p>Sraith de thrí theagmhas ar leith a bhí san eachtra seo: an bunús tosaigh; cailliúint chumhachta; agus faoi dheireadh an dara rith cladaigh agus bá <i>"FV Dillon Owen"</i>. Bhí roinnt tosaíochtaí ag an rith cladaigh tosaigh ag an mbealach isteach chuig Cuan Ard Ghlais:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ag dul isteach i gCuan Ard Ghlais dhá uair an chloig roimh lán mara i riocht luchtaithe.</li> <li>• Ag dul isteach i gCuan Ard Ghlais gan plean pasáiste/píolótaíochta foirmiúil.</li> <li>• Mainneachtain áiseanna nascleanúna an chuain a urramú.</li> <li>• Cailliúint an fheighlí ar fheasacht spásúil maidir le suíomh an chainéil iontrála agus tagairt á dhéanamh do dhoimhneacht shábháilte an uisce.</li> </ul>

Ainm an áirthaigh/Teagmhais: **MFV Suzanne II**

<b>DÁTA FOILSEACHÁIN</b>	14 Lúnasa, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Árthach Iascaireachta > 15 m
<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	2 Bealtaine 2019
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Stopadh árthach iascaireachta 30 NM soir ón Inbhear Mór an 2 Bealtaine 2019 agus a bhí an criú ag glacadh sosa idir ghníomhaíochtaí iascaireachta nuair a chonaic duine den chriú deatach ag teacht ó ghaothaire seomra innill. Bhí an aimsir ag an am go maith.</p> <p>Chuaigh an Scipéir chun foinsé an deataigh a imscrúdú agus thuig sé go luath go raibh tine thromchúiseach sa seomra innill. Rinne sé iarracht an tine a chomhrac, ach chuir leibhéal an deataigh isteach ar aon iarracht. Phlúch an deatach agus an tine isteach go tapa ar chóiríocht agus ar chabhán stiúrtha an áirthaigh. Ghnóthaigh an criú EPIRB an t-árthach agus thréig siad long chuig rafta tarrthála inséidte.</p> <p>Chonaic árthach slatiascaireachta a bhí ag seoladh thart an deatach ón árthach iascaireachta a bhí trí tine agus chuaigh sé ar aghaidh sa treo chun imscrúdú a dhéanamh. Nuair a tháinig sé ar an láthair, ghnóthaigh an t-árthach slatiascaireachta an triúir dhuine den chriú as a rafta tarrthála. Go gairid ina dhiaidh sin tháinig héileacaptar tarrthála Gharda Cósta na hÉireann R117 agus isligh sé paraimhíochaineoir chun an criú a mheas ón árthach iascaireachta. Aeraistríodh an Scipéir chuig Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge, áit ar scaoileadh saor é ina dhiaidh sin, agus tugadh an dá chriú eile go Cuan an Inbhir Mhóir.</p> <p>Tamall gairid ina dhiaidh sin tháinig bád tarraingthe le cumais comhraic dóiteáin ar an láthair agus thosaigh siad ag comhrac na tine ar bord an áirthaigh iascaireachta. Lean an t-árthach iascaireachta ag dó agus chuaigh sí go tóin poill sa deireadh.</p>
<b>GORTUITHE/BÁSANNA</b>	Duine amháin gortaithe
<b>CÚIS AN TEAGMHAIS</b>	<p>Ní fios foinsé na tine. Thosaigh sé i seomra an innill agus níor thóg sé mórán ama é a bheith imithe ó smacht. Nuair a bhí an tine leathnaithe ghabh sé an t-árthach agus toisc go raibh an t-árthach déanta as adhmaid lean an tine ag dó léir go dtí go raibh an t-árthach go léir trí thine. Dá mbeadh sé indéanta smacht a choinneáil ar an tine trí mhaolairí a dhúnadh agus haistí rochtana d'fhéadfadh sé nach bhfaigheadh an tine ocsaigin agus go mbeadh níos mó ama don chriú ullmhú chun an t-árthach a thréigean. Ní dócha, áfach, go bhféadfadh smacht iomlán a fháil ar thine den fheirge seo agus go bhféadfadh criú an áirthaigh í a mhúchadh.</p> <p>Ní fios cibé ar bhuail nó nár bhuail an córas braite dóiteáin ach nár chualathas é nó cibé ar theip air foláireamh a thabhairt don chriú. Is é is dóichí nár bhuail an córas braite dóiteáin toisc go bhfuil sé dochreidte nár chualathas é. D'fhéadfadh sé nach raibh fuaim ann mar gheall ar locht a tharla le déanaí nó i bhfad roimh seo a bheadh aimsithe dá ndéanfaí seiceáil mhíosúil nó b'fhéidir go ndearna an tine í féin damáiste di sula bhféadfadh sé an t-aláram a bhualadh. Níl aon taifead ann maidir le cathain a rinneadh tástáil nó iniúchadh deireanach ar an gcóras mar gur cailleadh taifid ar bord an áirthaigh le linn an teagmhais. Luaitear sna rialacháin (IR 640 Of 2007) an méid seo a leanas: "131. (a) Déanfar cigireachtaí ar an trealamh tarrthála agus ar na fearais dóiteáin ag eatraimh nach faide ná mí amháin." Is riachtanas é faoi na Rialacháin cigireachtaí míosúla a dhéanamh. Le córas braite dóiteáin a bheadh ag feidhmiú i gceart agus ag bualadh thabharfadh rabhadh faoin tine níos luaithe don chriú agus b'fhéidir go ligfeadh sé d'iarracht níos éifeachtaí an tine a chomhrac.</p> <p>Mar thoradh ar an damáiste a rinne tine a bhí ag dó ar feadh na tréimhse seo, chomh maith le hiarracht leanúnach an bád tarraingthe an dóiteán a chomhrac, cailleadh buacacht agus chuaigh an t-árthach iascaireachta go tóin poill sa deireadh.</p>

Ainm an áirtheigh/Teagmhais: <b>Loch Measca</b>	
<b>DÁTA FOILSEACHÁIN</b>	1 Meán Fómhair, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Bád Locha
<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	8 Márta, 2019
<b>ACHOIMRE</b>	An 8 Márta 2019 d'ímigh slatiascaire áitiúil ón slip ag Cois Locha in aice le Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo le haghaidh tráthnóna slatiascaireachta ar Loch Measca. Theip air filleadh an tráthnóna sin agus seoladh oibríocht cuardaigh agus tarrthála. Cuireadh isteach ar an gcuardach de bharr na drochaimsire. Aimsíodh an bád locha leis an slatiascaire ar an gcladach thoir de Loch Measca an 9 Márta. Tar éis iarracht chuardaigh leanúnach fuarthas corp an tslatiascairí an 30 Márta 2019.
<b>GORTUITHE/BÁSANNA</b>	1 Bhás
<b>CÚIS AN TEAGMHAIS</b>	<p>Ní fios am nó cúis an teagmhais. Mar sin féin, is féidir, ós rud é gur scoir gníomhaíocht fón póca an Taismigh ag 14.00, go ndeachaigh sé isteach san uisce timpeall an ama sin.</p> <p>Tháinig meath ar an aimsir níos déanaí sa lá, rud a fhág sé nach raibh sé oiriúnach a bheith amuigh ar an uisce ina aonar in áirthach beag. Dá mbeadh deacracht ag áirthach ar chladach nochtaithe bheadh an scéal níos measa fós, mar is cosúil go raibh sé amhlaidh.</p> <p>Níl aon mharcanna nascleanúna ar Loch Measca chun rabhadh a thabhairt d'úsáideoirí uisce faoi chontúirt agus le leibhéil uisce ag an am den bhliain nuair a tharla an eachtra, bheadh sé níos deacra feasacht a bheith ag duine ar ghuaiseacha faoi bhun an uisce.</p> <p>Chomh luath agus a chuaigh an Taismeach isteach san uisce is dócha gur fhulaing sé ó thurraing leis an uisce fuar. B'ionann teocht an uisce i Loch Measca tráth an eachtra agus 8°C - tá turraing uisce fuar ina fhachtóir i dteochtaí uisce faoi bhun 15°C. Dá bharr seo agus de bharr nach raibh PFD ar an Taismeach, ní bheadh mórán seans aige teacht slán ón teagmhas.</p>

Ainm an áirthaigh/Teagmhais: **Varken Ege/Medi Mode**

<b>DÁTA FOILSEACHÁIN</b>	15 Meán Fómhair, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Tancaer & Luamh
<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	23 Lúnasa, 2019
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Ar an Satharn an 22 Lúnasa 2019 ag 10.45, d'fhág an t-árthach seoltóireachta "<i>Medi Mode</i>" an tInbhear Mór agus bhí sé ar a bhealach go Cé na Cille Móire. Rinneadh cinneadh an ceann scríbe a athrú ó Ché na Cille Móire go Binn Éadair toisc go raibh an aimsir éirithe níos measa, agus mar gheall ar theacht i dtír le linn na hoíche ag Cé na Cille Móire. Ag 17.45 an 22 Lúnasa, ar bhord do Ros Láir, socraíodh an cúrsa don chalafort baile Bhinn Éadair. Bhí an t-árthach ag seoltóireacht mhótair ar uathphíolóta le soilse nascleanúna agus solas gaile ag taispeáint ó luí na gréine. Ag thart ar 02.10 an 23 Lúnasa, bhí árthach ó dheas le feiceáil amach ón ngob deasbhoird. Tá soilse bána gaile ann agus chonaic an coimeádaí solas taobh glas ar an luamh.</p> <p>Ar an Domhnach, an 23 Lúnasa ag 01.00, chuir an tancaer "<i>Varkan Ege</i>" tús lena bhealach farraige tar éis dó Port Bhaile Átha Cliath a fhágáil. Ba é Falmouth an ceann scríbe agus socraíodh cúrsa de 161 céim le luas 7.5 muirmhíle san uair.</p> <p>Ag 02.15 rinne an t-oifigeach faire ar an "<i>Varkan Ege</i>" chonaic sé solas dearg ar an ngob deasbhoird agus chuaigh sé ag lorg macalla ar an radar. D'aimsigh sé macalla beag agus thuig sé gur macalla ó árthach seoltóireachta a bhí ann. Ba é 0 NM an pointe sroichte is gaire (CPA).</p> <p>Rinne sé athrú mór ar an gcúrsa ar an ngob deasbhoird. Ag 02.22, bhí imbhuiladh idir an dá árthach. Rinneadh damáiste don árthach seoltóireachta ach níor gortaíodh aon duine. Ní dhearnadh aon damáiste don tancaer "<i>Varkan Ege</i>". Rinneadh damáiste mór don árthach seoltóireachta ach bhí sé in ann a bealach a dhéanamh faoina chumhacht féin go Cuan na gCloch Liath.</p> <p>Níor gortaíodh aon duine agus níor tharla aon truailliú mar gheall ar an eachtra seo.</p>
<b>GORTUITHE/BÁSANNA</b>	Duine ar bith
<b>CÚIS AN TEAGMHAIS</b>	<p>Chreid an "<i>Medi Mode</i>" nach raibh aon bhaol imbhuilte ann toisc go raibh na soilse glas go glas. Mar sin féin, mar gheall go ndeachaigh sé ón gcúrsa le gaith taobh thiar di, bhí siad i ndáiríre ag taispeáint solas dearg taobh calafoirt don "<i>Varkan Ege</i>" nuair a bhreathnaigh an fairtheoir ar an árthach. Gan aon imthacaí compáis a ghlacadh agus freisin toisc nach raibh radar acu, ní fhéadfaí é seo a chinneadh go cinntitheach. Fiú gur chonaic "<i>Medi Mode</i>" an "<i>Varkan Ege</i>" in am, chreid sé gurbh é an seastán ar an árthach é agus choinnigh sé ar a chúrsa agus a luas agus é den tuairim go n-athródh an "<i>Varkan Ege</i>" a cúrsa nó go seolfadh sé go soiléir ar a thaobh deasbhoird. Mar thoradh air seo tháinig na báid gar dá gcéile agus tharla imbhuiladh ina dhiaidh sin.</p> <p>Thuairiscigh an "<i>Varkan Ege</i>" go bhfaca siad an solas dearg le CPA de nialas ag 02.16 agus tharla an t-imbhuiladh ag 02.22. Thug sé seo 6 nóiméad dó gníomhú i gceart chun imbhuiladh a sheachaint. Bhraithfeadh fairtheoir é seo ag 4 nóiméad (luas deiridh 15.5k - Raon solais 1 NM). Bhí sé nóiméad aige athrú mór a dhéanamh ar a chúrsa go deasbhord, ón am ar chonaic sé an solas de "<i>Medi Mode</i>" ag raon de 1.5 NM. Rinneadh athrú cúrsa ag 02.18, timpeall 4 nóiméad roimh an imbhuiladh.</p> <p>Dúirt an "<i>Varkan Ege</i>" gur chonaic sé an "<i>Medi Mode</i>" ag athrú a chúrsa go taobh calafoirt díreach roimh an imbhuiladh. Dúirt "<i>Medi Mode</i>" gur choinnigh sé a chúrsa. Ní féidir é seo a chinneadh go cinntitheach mar ní raibh an teicneolaíocht ag "<i>Medi Mode</i>" é seo a thaifeadh. Mar sin féin, bhí an dá árthach ar chúrsa imbhuilte sular tharla sé seo. Tharla an t-imbhuiladh le braine an "<i>Medi Mode</i>" ag bualadh goib calafoirt an "<i>Varkan Ege</i>".</p> <p>De réir COLREGs, chomhlíon an "<i>Varkan Ege</i>" le hiarrachtaí chun imbhuiladh a sheachaint nuair a tháinig sé chun solais go bhféadfadh imbhuiladh tarlú.</p>

	<p>D'athraigh sé an cúrsa go deasbhord, laghdaigh sé luas agus d'iarr sé ar "Medi Mode" trí chomhartha fuaimne chun a intinn a chur in iúl.</p> <p>Níor cheart go ndearna an "Varkan Ege" iarracht cumarsáid a dhéanamh trí VHF leis an ártach seoltóireachta nuair a bhí sé chomh gar sin. Ní mholtar é seo agus níor éirigh leis.</p> <p>Chuir sé seo am luachmhar amú nuair a d'fhéadfadh athrú láithreach ar a cúrsa ar dheasbhord a bheith i ndóthain chun imbhuailtí a sheachaint.</p> <p>Bhí taithí blianta fada ag an mbeirt dhuine den chriú "Medi Mode" acu ar sheoltóireacht, ach, ní raibh aon oiliúint fhoirmiúil ar loingseoireacht mhuirí acu, áfach. Ní raibh aon chúrsa aitheanta acu ar na COLREGanna. Ba fhachtóir rannchuiditheach é seo go háirithe maidir le Rialacháin Idirnáisiúnta um Imbhualtí a Chosc ar Muir 1972 Riall 7: Imthacaí Compáis a ghlacadh agus Riall 17(b) agus (d) Gníomh ártach seasaimh.</p>
--	--

Ainm an ártach/Teagmhais: <b>Tommy R</b>	
<b>DÁTA FOILSEACHÁIN</b>	16 Deireadh Fómhair, 2020
<b>CINEÁL ÁRTAIGH</b>	Bád Deice Oscailte
<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	9 Deireadh Fómhair, 2019
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Ag thart ar 08.00 ar maidin ar an gCéadaoin 9 Deireadh Fómhair, 2019 bád deice oscailte 5.7 méadar (m) d'fhág "Tommy R" le slatiascaire amháin ar bord Cuan Dhún Mánaís chun críche iascaireachta i gCuan Dhún Mánaís. Tuairiscíodh go raibh an slatiascaire thar ama ag 20.27. Go gairid tar éis cuireadh tús le hoibríocht chuardaigh i gceantar Bhá Dhún Mánaís.</p> <p>Ag 22.59 fuarthas raic báid ag Pointe an Driseáin ar Leithinis Dhún Mánaís. Aithníodh gur ón mbád "Tommy R" é an raic. D'aimsigh tumadóirí corp an Taismigh i silteán faoin bhfarraige amach ón taobh thiar thuaidh d'Inis Cairbre ag 16.19 an 13 Deireadh Fómhair 2019. Fuarthas an corp agus tugadh i dtír é go Cuan Dhún Mánaís.</p>
<b>GORTUITHE/BÁSANNA</b>	1 Bhás
<b>CÚIS AN TEAGMHAIS</b>	<p>Thángthas ar an gconclúid gurb é an chúis is dóichí a bhí leis an Taismigh ná gur thit an Taismeach thar bord ón "Tommy R" tamall tar éis 13.00 "gar do chladach thiar thuaidh Inis Cairbre. Ní bheadh smacht acu ar an stiúradh den "Tommy R", agus bheadh an bád gan don Mhaidhm Chairbre nó na farraigí siar ó thuaidh ó Inis Cairbre. Ansin ní bheadh aon smacht ar an mbád, bheadh sé briste suas agus curtha faoi na maidhmeanna.</p> <p>Tá roinnt fachtóirí ann a chuir le cailliúint an Taismigh agus an bháid "Tommy R":</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Bhí an aimsir go dona, bhí rabhadh fógartha do bháid bheaga agus bhí an fharraige garbh i gCuan Dhún Mánaís.</li> <li>• Bhí an Taismeach ag oibriú leis féin i bhfarraigí an-chontúirteacha amach ón Maidhm Chairbre agus Inis Cairbre.</li> <li>• Ní raibh PFD á chaitheamh ag an Taismeach.</li> <li>• Ní raibh an t-ártach oiriúnach do na dálaí farraige a bhí ann gar d'Inis Cairbre ar an lá.</li> </ul>



Ainm an áirtheigh/Teagmhais: **Portronan**

<b>DÁTA FOILSEACHÁIN</b>	13 Samhain, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Fletcher Dorado, Bád Sciála
<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	17 Iúil, 2018
<b>ACHOIMRE</b>	<p>An 17 Iúil 2018 ag thart ar 08.00, d'fhág bád cumhachta áineasa Portronan, Co. Dhún na nGall le triúr ar bord. Ligeadh don áirtheach imeacht le sruth agus a bhí an criú i mbun slatiascaireachta le sláta.</p> <p>Timpeall dhá uair an chloig ina dhiaidh sin cuireadh tús leis an inneall ach stop sé go gasta agus níorbh fhéidir é a thosú arís. Bhí an t-áirtheach ar dheireadh an bháid ar dtús agus a bhí an criú ag freastal ar an inneall. Tháinig tonn os cionn dheireadh an bháid agus ligeadh go leor uisce isteach sa bhád agus a rinne an criú glao éigeandála ar fhón póca as an Ríocht Aontaithe tháinig dara tonn isteach thar dheireadh an bháid agus d'imigh an bád go tóin poill. Cé go raibh an glao éigeandála á chur tríd ag an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS) chuig an nGarda Cóstá thit an fón póca isteach san uisce agus ní raibh aon teagmháil eile leis an gcriú. Níor seoladh an fhaisnéis uile a dúradh le ECAS chuig an nGarda Cóstá.</p> <p>Chuaigh an bád faoi uisce díreach faoi bhun an dromchla, le tacaíocht ón aer taobh istigh den chábán. Bhí PFD á chaitheamh ag Bhall Uimh.2 den chriú agus d'imigh sé le sruth ón mbád. Choinnigh an Scipéir agus Ball Uimh.1 den chriú nach raibh PFDanna orthu, greim ar fhiondair ar thaobh an bháid. Go gairid ina dhiaidh sin scaoil an Scipéir den bhád agus d'imigh sé le sruth ar aghaidh síos.</p> <p>Choinnigh Ball Uimh.1 den chriú greim ar an mbád ar feadh thart ar 5 uair an chloig. Nuair a chonaic sé bád i gcéin thosaigh sé ag béicíl agus chuala duine é a bhí ar an gcladach agus chuala Scipéir de bhád é, agus d'ardaigh an bheirt acu an t-aláram. Cuireadh de chúram ar héileacaptar Cuardaigh agus Tarrthála (SAR), Báid Tarrthála agus Aonaid an Gharda Cóstá. Phioc bád iascaireachta Ball Uimh.1 den chriú a bhí ag coinneáil greime ar an mbád agus tharrtháil an héileacaptar Ball Uimh.2 den chriú a bhí ag caitheamh PFD. Fuarthas corp an Scipéir ar an gcladach timpeall 1.5 km uaidh. Tugadh Ball Uimh. 2 a tarrtháladh le héileacaptar chuig Ospidéal Altnagelvin, Co. Dhoire. Fuair sé bás níos déanaí an tráthnóna sin.</p>
<b>GORTUITHE/BÁSANNA</b>	2 Bhás
<b>CÚIS AN TEAGMHAIS</b>	<p>Bhí go leor fachtóirí rannchuidithe ann a bhí mar chúis leis an toradh deiridh.</p> <p>Ní raibh an turas pleanáilte go leordhóthanach ag an gcriú agus ní raibh siad ullmhaithe don éigeandáil seo. (CoP: Oibriú Sábháilte na nÁirtheach Áineasa, Codanna 2 agus 11).</p> <p>Le linn na heachtra le gníomhartha an chriú, rinneadh déine an eachtra níos measa. Mar gheall ar ancaire a chur ar an gcineál seo áirtheigh ar dheireadh an bháid, bhí sé i bhfad níos so-ghabhálaí bá in aon chineál farraige. (CoP: Oibriú Sábháilte na nÁirtheach Áineasa, Aguisín 4, Contúirtí a bhfuil baint acu le Ancaireacht.)</p> <p>Ní raibh modh éifeachtach chun anacair a chur in iúl ar bord an t-áirtheigh. Níor cheart a bheith ag brath ar fhón póca mar an príomh-mhodh chun teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála. (CoP: Oibriú Sábháilte na nÁirtheach Áineasa, Codanna 2 agus 11)</p> <p>Tar éis an ghlaio éigeandála ag 10.16, ghníomhaigh an Garda Cóstá de réir na faisnéise a bhí ar láimh aige. Ní raibh an fhaisnéis a bhí aige maidir leis an eachtra, de réir an IRCG, leordhóthanach chun úsáid a bhaint as sócmhainní le haghaidh cuardaigh.</p> <p>Bhí go leor faisnéise i dtaifeadadh ECAS ar an nglao éigeandála ar an IRCG oibríochtaí SAR a thionscnamh go gairid tar éis 10.16. Níor aistríodh an fhaisnéis seo chuig an nGarda Cóstá mar gheall ar:</p>

	<p>(i) Ní bhfuair na hoibreoírí ag an nGarda Cóta ar an gcéad ghlaio éigeandála faisnéis leordhóthanach chun tús a chur le hoibríocht SAR.</p> <p>(ii) Nósanna imeachta sriantacha in ECAS nach raibh solúbtha go leor le haghaidh staid a d'éiligh ar oibreoírí ECAS a bheith níos réamhghníomhaí maidir leis an bhfaisnéis uile a bhí ar fáil a aistriú chuig an nGarda Cóta.</p> <p>Toisc nár aistríodh an fhaisnéis i dtaifeadadh an ghlaio éigeandála go gairid tar éis 10.16, bhí na Taismigh san uisce ar feadh 5 uair an chloig. Mhéadaigh sé seo déine an eachtra.</p> <p>Tá cumarsáid mhuirí an-difriúil ó chumarsáid ar talamh agus is córas freagartha glaonna éigeandála ar talamh é an córas ECAS le teorainneacha le húsáid ar muir.</p>
--	---

### Ainm an áirthaigh/Teagmhais: **Loa Zour**

<b>DÁTA FOILSEACHÁIN</b>	15 Nollaig, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Luamh
<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	6 Meitheamh, 2019
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Sheol an luamh “Loa Zour” le cúigear criú ar bord as Cionn tSáile, Co. Chorcaí an 3 Meitheamh 2019 le ceann scríbe beartaithe de A Coruña, tuaisceart na Spáinne. Agus a bhí an luamh ag druidim le cósta thuaidh na Spáinne an 6 Meitheamh d'éisigh criú an luamh craoladh Mayday agus ghníomhaigh siad EPIRB an áirthaigh. mar bhí deacrachtaí móra acu i ndálaí fórsa stoirme ó Storm Miguel. Aeraistríodh an criú ón luamh le héileacaptar Tarrthála Muirí ón Spáinn (Salvamento Alavamento Maritimo) agus tugadh iad i dtír chuig Aerfort A Coruña.</p> <p>Aimsíodh an luamh “Loa Zour” imithe le sruth dhá lá ina dhiaidh sin agus chuaigh an criú ar bord. Rinneadh an luamh a nascleanúint isteach i gcalafort A Coruña.</p>
<b>GORTUITHE/BÁSANNA</b>	Duine ar bith
<b>CÚIS AN TEAGMHAIS</b>	<p>Ba ócáid aimsire neamhghnách gan choinne a bhí sa chioclón a tharla le linn Stoirm Miguel mar gheall ar a dhéine agus a fhoirmiú i mí an Mheithimh, le linn séasúir the. Tarlaíonn cioclóin de ghnáth i rith an gheimhridh. Faoin am a bhí Stoirm Miguel forbartha san Atlantach Thuaidh agus aithníodh é mar stoirm an 5 Meitheamh, bhí an luamh “Loa Zour” tar éis fillleadh níos faide ná an pointe d'fhilleadh ar Éirinn nó casadh siar isteach san Aigéan Atlantach chun na drochaimsire agus na coinniollacha farraige a bhí tuartha don stoirm a sheachaint agus a bhí sí ag rianú feadh chósta thuaidh na Spáinne agus isteach i mBá na Bioscáine. Mar gheall ar an gcúrsa díreach ó dheas a thóg criú an luamh “Loa Zour” agus na faid ó aon tearmann sábháilte le linn an chuid deiridh den turas bhí sé dosheachanta, go ndéanfadh an Stoirm Miguel an luamh sin “Loa Zour” a clúdach sula sroicheadh sé A Coruña.</p>

Ainm an áirthaigh/Teagmhais: **FV Kayleigh**

<b>DÁTA FOILSEACHÁIN</b>	23 Nollaig, 2020
<b>CINEÁL ÁRTHAIGH</b>	Árthach Iascaireachta <15 m
<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	4 Márta, 2020
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Ar tráthnóna an 3 Márta 2020, bhí an t-árthach iascaireachta g iascaireacht 9 NM siar ó dheas amach ó Rinn Mhuintir Bháire le beirt chriú ar bord nuair a bhris tine amach in urrann innill an áirthaigh. Gortaíodh an criú nuair a dódh iad Lean an tine in urrann an innill agus thosaigh an t-árthach ag ligean uisce isteach.</p> <p>D'eisigh an Scipéir glao guaise Mayday ar VHF ag 23.10 uair go raibh an bád trí thine agus ag ligean isteach uisce. Rinneadh EPIRB an t-árthach iascaireachta a ghníomhachtú ag 23.21 nuair a thréig an criú an t-árthach agus chuaigh siad ar bord rafta tarrthála inséidte. D'aithin tarchur EPIRB an t-árthach mar an "FV Kayleigh".</p> <p>Ba é bád tarrthála RNLI Chaisleáin Bhéarra an chéad bhád ar an láthair agus ag thart ar 23.58 uair an chloig bhailigh sé an bheirt duine gortaithe den chriú óna rafta tarrthála agus chuaigh siad ar aghaidh láithreach go Caisleáin Bhéarra chun an bheirt a thabhairt i dtír le haghaidh cóireála leighis. D'aeraistrigh héileacaptar tarrthála Gharda Cósta na hÉireann R115 an bheirt dhuine gortaithe go hAerfort Chorcaí le haistriú ar aghaidh in otharcharr chuig Ospidéal Ollscoile Chorcaí le haghaidh cóireála. Tréigeadh an t-árthach iascaireachta agus chuaigh sé le srurg agus toimhdeofar go ndeachaigh sí go tóin poill am éigin luath an 4 Márta.</p>
<b>GORTUITHE/BÁSANNA</b>	Fuair 2 chriú le Gortuithe
<b>CÚIS AN TEAGMHAIS</b>	<p>Measadh go raibh sé níos dóchúla ná a mhalairt, go raibh foinse na tine a chonaic an Scipéir den chéad uair nuair a d'fhéach sé isteach in urrann an innill i gcomharsanacht na píopaí sceite innill nó an bhainc cheallraí inar lasadh ola lub leis na píopaí sceite te agus chuaigh sé trí thine. Is dócha gur lean an tine a tharla mar thoradh air seo an ola sceite a dhoirteadh ar an gcuid íochtarach den inneall agus na plátaí urláir. Is dóigh gur tháinig an tine sa spás seo i dteagmháil dhíreach le píobán solúbtha fuaraithe uisce farraige an innill agus an chabhail.</p> <p>Cuireadh ábhair phlaisteacha an pháibáin agus/nó an chabhail trí thine agus dódh iad go pointe gur bhris an t-ábhar/na hábhair, ag cailleadh a neart intreach, rud a lig d'uisce na farraige dul isteach in urrann an innill. Tugann deatach tiubh dubh ag astú ón urrann ina raibh an caor tine tacaíochta don hipitéis go raibh an chuid plaisteach den chabhail agus/nó na píopaí solúbtha plaisteacha trí thine faoin am a d'oscail an Scipéir an haiste den dara huair agus gur gortaíodh an criú leis an gcaor tine.</p>

Ainm an áirthaigh/Teagmhais: <b>FV Dearbhla</b>	
<b>DÁTA FOILSEACHÁIN</b>	29 Nollaig, 2020
<b>CINEÁL ÁIRTHAIGH</b>	Árthach lascaireachta > 15 m
<b>DÁTA AN TEAGMHAIS</b>	14 Bealtaine 2020
<b>ACHOIMRE</b>	<p>Ag thart ar 04.10 ar maidin an 14 Bealtaine 2020 agus é ar a bhealach ó Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe go Binn Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath, bhuail “FV Dearbhla” le cúigear criú ar bord, na carraigeacha ag leithinis thiar thuaidh oileán Inis na Bró in oileánra na mBlascóidí amach ó chósta Chontae Chiarraí.</p> <p>Tar éis na tuairte tosaigh bhí an t-árthach in ann gluaiseacht chuig uisce níos doimhne agus rinne an criú imscrúdú ar mhéid an damáiste. Ní dhearnadh aon dochar don chriú ach aimsíodh ina n-imscrúduithe ar dhamáiste go ndearnadh damáiste teagmhála trom do ghoba an áirthaigh. Níor aimsigh siad aon uisce ag dul isteach faoin líne uisce. Níor cuireadh na seirbhísí éigeandála ar an eolas faoin rith cladaigh agus lean an t-árthach ar a turas go Binn Éadair.</p> <p>Cuireadh úinéir an áirthaigh ar an eolas faoin eachtra ag thart ar 08.00 uair an lá sin. Shocraigh an t-úinéir go rachadh an t-árthach ar aghaidh go Caisleán Bhéarra chun an damáiste agus na deisiúcháin a iniúchadh. Léirigh an chigireacht go ndearnadh damáiste mór teagmhála don áirthach dá stuimíne ag an líne uisce agus go raibh poill inti os cionn na líne uisce faoi na goba.</p>
<b>GORTUITHE/BÁSANNA</b>	Duine ar bith
<b>CÚIS AN TEAGMHAIS</b>	<p>Múchadh an tsaoráid lasc eochair-phainéil Aláirim Faire nuair a d’fhág an fairtheoir an cábán stiúrach agus níor chuir sé ar ais é nuair a d’fhill sé.</p> <p>De bharr gur thit an fairtheoir ina chodladh agus é ag faire sa chábán stiúrach ní dhearna sé an t-athrú riachtanach ar an gcúrsa chun an t-árthach a choinneáil in uiscí sábháilte agus inseolta. Tháinig an t-árthach i dtír ar charraigeacha.</p> <p>B’fhéidir go bhféadfaí an eachtra a sheachaint dá ndéanfaí maoirseacht níos fearr ar an athrú cúrsa riachtanach chun Blasket Sound a sheoladh go sábháilte.</p> <p>B’fhéidir go seachnófaí an eachtra dá mbeadh saoráidí leordhóthanacha sa chábán stiúrach chun deochanna a dhéanamh agus dá bhrí sin ligean d’fhairtheoirí sólaistí éadroma a thógáil.</p> <p>B’fhéidir go seachnófaí an eachtra má úsáideadh an tsaoráid lasc eochair-phainéil Aláirim Faire mar a bhí beartaithe ag a dearthóir.</p> <p>Níor soláthraíodh aon fhianaise a thaispeánann go bhfuair an criú oiliúint leordhóthanach chun laghdú a chur ar na rioscaí a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht an chriú a chur i mbaol nó timpistí a chosc.</p>


# Comparáid idir Taismí Muirí 2011 - 2020

Cineál Árthaigh	2011	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020
<b>Longa/Árthaigh Paisinéara</b>										
Ro-Ro Idirnáisiúnta						10 ngortú	1 Bhás			
Intíre		1 Bhás				2 ghortú				
Árthach Paisinéara						1 Bhás 1 Ghortú				
<b>Fo-iomlán</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>1 Bhás</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>1 Bhásy 13 ghortú</b>	<b>1 Bhás</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>Ceann ar bith</b>
<b>Longa Lastais</b>										
Longa Lastais Ginearálta										
Lastas Róró										
Tancaer										
Olliompróir										
Long Choimeádán								1 Bhás		
Iompróir Carranna										
Bád Oibre Píolóta/Báirse										
Iompróir Tromualái										
<b>Fo-iomlán</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>1 Bhás</b>	<b>Ceann ar bith</b>	<b>Ceann ar bith</b>
<b>Árthai Iascaireachta</b>										
< 15 mhéadar	4 Bhás	4 Bhás/ 1 Ghortú	2 Bhás	1 Bhás	1 Bhás	2 Bhás	2 Bhás	2 Bhás	2 Bhás	3 Bhás
15 - 24 méadar		5 Bhás/ 1 Ghortú	3 Bhás							1 Bhás 1 Ghortú
> 24 mhéadar	1 Bhás				2 Bhás	2 Bhás				
<b>Fo-iomlán</b>	<b>5 Bhás</b>	<b>9 Bhás/ 2 ghortú</b>	<b>5 Bhás</b>	<b>1 Bhás</b>	<b>3 Bhás</b>	<b>4 Bhás</b>	<b>2 Bhás</b>	<b>2 Bhás</b>	<b>2 Bhás</b>	<b>4 Bhás 1 Ghortú</b>
<b>Árthai Áineasa</b>										
Feithicilí Scairdscíala										
Báid Oscailte/Canúna	1 Bhás	3 Bhás	1 Bhás	3 Bhás/ 1 Ghortú		1 Bhás/ 1 Ghortú	1 Bhás	1 Bhás	3 Bhás/ 1 Ghortú	
Mótarbhád (le deic)					2 Bhás	3 Bhás		1 Bhás	1 Bhás	
Báid seoil		1 Bhás		1 Bhás						
Mótarárthach Gasta/RIB	1 Bhás	1 Bhás 2 ghortú					2 Bhás	3 Bhás		
<b>Fo-iomlán</b>	<b>2 Bhás</b>	<b>5 Bhás/ 2 ghortú</b>	<b>1 Bhás</b>	<b>4 Bhás/ 1 Ghortú</b>	<b>2 Bhás</b>	<b>4 Bhás/ 1 Ghortú</b>	<b>3 Bhás</b>	<b>5 Bhás</b>	<b>4 Bhás 1 Ghortú</b>	<b>Ceann ar bith</b>
<b>Iomlán Teagmhas</b>	<b>13</b>	<b>17</b>	<b>6</b>	<b>7</b>	<b>7</b>	<b>15</b>	<b>5</b>	<b>5</b>	<b>10</b>	<b>8</b>
<b>Iomlán Básanna</b>	<b>7</b>	<b>15</b>	<b>6</b>	<b>5</b>	<b>5</b>	<b>9</b>	<b>6</b>	<b>8</b>	<b>6</b>	<b>4</b>
<b>Iomlán Gortuithe</b>	<b>0</b>	<b>4</b>	<b>0</b>	<b>1</b>	<b>0</b>	<b>14</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>1</b>	<b>1</b>
<b>Líon Iomlán ártach i gceist</b>	<b>12*</b>	<b>18</b>	<b>6</b>	<b>7</b>	<b>7</b>	<b>15</b>	<b>5</b>	<b>5</b>	<b>11</b>	<b>8</b>


\*Ní áiríonn an figiúr seo an teagmhas ag Ceann Chlochair sa bhliain 2011 a raibh líon mór cadhcanna agus leanai i gceist leis.

# Treochtaí maidir le Básanna 2011 - 2020


## Longa/Árthaigh Paisinéirí




## Longa Lastais



## Árthaí lascaireachta



## Árthach Áineasa



# Aguisín A

Bhreithnigh BITM na teagmhais atá leagtha amach thíos ach níor imscrúdaíodh iad. I gcás cuid de na teagmhais seo, bhí comhoibriú le stáit bhrataí eile i gceist leo nó uaslódáladh sonraí tábhachtach ina leith chuig an Ardán Eorpach maidir le hImscrúdú Taismí Muirí (EMCIP).

Tag MCIB.	Ainm an Árthaigh	Dáta	Sonraí teagmhais
MCIB/13/343	FV Brisas Pixuetinas	17/01/2020	Tuairiscíodh go raibh an t-árthach ag ligean uisce isteach
MCIB/13/344	Isle of Inishmore	15/01/2020	Saincheist maidir le fearas stiúrtha
MCIB/13/345	FV Rossoren	28/01/2020	Duine den chriú gortaithe
MCIB/13/346	FV Brisan	30/01/2020	Cliseadh árthaigh
MCIB/13/347	MV Susan	30/01/2020	Gortaíodh oibrí cladaigh
MCIB/13/348	MV Eider	06/02/2020	Fadhb le fearas stiúrtha
MCIB/13/349	Beaumotion	14/02/2020	Teip innill
MCIB/13/351	Arctic Voyager	25/02/2020	Iascaire gortaithe
MCIB/13/352	FV Adventurer	26/02/2020	Duine den chriú gortaithe
MCIB/13/353	MV Samskip Express	26/02/2020	Árthach imithe i dtalamh
MCIB/13/354	FV Zeeland	06/03/2020	Beirt den chriú gortaithe
MCIB/13/355	FV Nuevo Santillana	09/03/2020	Duine den chriú gortaithe
MCIB/13/356	MV Norbay	09/03/2020	Cailliúint tiomána príomh-innill
MCIB/13/357	MV Ardent	14/03/2020	Aimhréidh sa lián
MCIB/13/358	FV Brenholm	24/03/2020	Aslonnú míochaine
MCIB/13/359	FV Emer Jane	13/04/2020	Cliseadh árthaigh
MCIB/13/360	FV Argo K	28/04/2020	Rinne damáiste don ártach tar éis dul faoi
MCIB/13/361	FV Yannick	10/05/2020	Aimhréidh sa lián
MCIB/13/362	FV Pedear Elaine II	13/05/2020	Duine den chriú gortaithe
MCIB/13/364	FV Arkh Angell	19/05/2020	Cliseadh árthaigh
MCIB/13/365	MV Norbay	19/05/2020	Rinne damáiste do chabhail an árthaigh sa bheart
MCIB/13/366	FV Tarka	30/05/2020	Aimhréidh sa lián
MCIB/13/367	FV Clara	25/06/2020	Duine den chriú gortaithe
MCIB/13/368	FV Maracestina	29/06/2020	Duine den chriú gortaithe
MCIB/13/369	MV Wilson Hawk	28/06/2020	Árthach imithe i dtalamh
MCIB/13/370	MV BG Diamond	29/06/2020	Damáiste don ártach
MCIB/13/371	SV Dawn Approach	13/07/2020	Árthach imithe i dtalamh
MCIB/13/372	FV Boy Jason	16/07/2020	Duine den chriú gortaithe
MCIB/13/373	MV Seatruck Power	18/07/2020	Árthach nach raibh faoi cheannas

Tag MCIB.	Ainm an Árthaigh	Dáta	Sonraí teagmhais
MCIB/13/374	FV Notre Dame Cedeira	19/07/2020	Bhí fadhbanna innill ag an ártach
MCIB/13/375	FV Lumian	26/07/2020	Aslonnú míochaine
MCIB/13/376	Aqua Transporter	04/08/2020	Cliseadh árthaigh
MCIB/13/377	Aisling Gabrielle	26/07/2020	Neastimpiste
MCIB/13/388	FV Falcon Star	06/08/2020	Iompaíodh an t-ártach
MCIB/13/389	Samskip Express	21/08/2020	Chuaigh an t-ártach i dteagmháil le grinneall na farraige agus rinneadh damáiste den chabhaill
MCIB/13/391	Diaoznny (luamh)	07/09/2020	Glaó Mayday agus tarrtháil ball den chriú
MCIB/13/392	MV Angela	10/09/2020	Damáiste don ártach
MCIB/13/393	MV Elbrader	20/10/2020	Duine den chriú gortaithe agus cailleadh lasta
MCIB/13/394	Lily B	20/10/2020	Ártach nach raibh faoi cheannas
MCIB/13/395	W.B. Yeats	06/10/2020	Duine den chriú ar iarraidh
MCIB/13/396	MFV Ardent	28/09/2020	Tine ar bord
MCIB/13/397	FV Dearbhla	12/11/2020	Duine den chriú gortaithe
MCIB/13/399	Saoirse na Farraige	03/12/2020	Gníomhachtú de thaisme ar an gcóras um chosc dóiteáin
MCIB/13/400	Wilson Dieppe	29/09/2020	Duine den chriú gortaithe
MCIB/13/401	FV Katie Rose	06/12/2020	Duine den chriú gortaithe
MCIB/13/402	FV Endurance	13/12/2020	Duine den chriú gortaithe
MCIB/13/403	FV Susa Uno	06/12/2020	D'éirigh duine den chriú tinn



# Ráitis Airgeadais 2020



Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2020

# Clár Ábhair

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird	33
Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha	37
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	40
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Ráiteas Ar Chúlchisítí Ioncaim Coimeádta	42
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	43
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid	44
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019	45

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhail an Bhoird

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

## Príomhghníomhaíochtaí

Ba é príomhghníomhaíocht na heagraíochta i gcónaí ná imscrúduithe a dhéanamh ar thaismigh mhara a tharlaíonn ar, nó ar bord, árthaigh atá cláraithe in Éirinn ar fud an domhain agus árthaí eile in uiscí teorann na hÉireann agus in uiscebhealaí intíre.

## Rialachas

Bunaíodh Bord an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB) faoi Alt 7(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Acht 2000 agus i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingias Ceannaíochta) (Imscrúdú Tionóiscí) 2011. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá freagracht air i ndáil le dea-rialachas a áirithiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach saincheist thábhachtach ghnó. Tá freagracht ar Chomhaltaí an Bhoird agus ar Rúnaíocht don Bhord i ndáil le BITM a bhainistiú, a rialú agus a stiúradh ó lá go lá.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chód Iompair agus cuimsíonn an cód sin na nithe atá forchoimeáda go sonrach lena gcinneadh ag an mBord. I measc na n-ábhar seasta a mheasann an Bord tá:

- dearbhú leasanna,
- clár riosca,
- tuairiscí airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí imscrúdaithe.

Le hAlt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, ceanglaítear ar Bhord gnáthchuntais chúí maidir le hairgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar Bhord MCIB:

- beartais chuntasaíochta chúí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta atá réasúnta agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé i mbun gnó.
- a lua go leanadh caighdeán chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá freagracht ar an mBord i ndáil le taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choimeád ar taifid iad ina ndéantar a staid airgeadais a nochtadh go réasúnta cruinn aon tráth áirithe agus lena gcumasaítear dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá freagracht ar mBord as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus na faisnéise airgeadais ar láithreán gréasáin an BITM.

Tá an Roinn Iompair (DoT) freagrach as an mbuiséad bliantúil a leithdháileadh. Leagann an BITM a chaiteachas amach don DoT ag tús na bliana. Mar gheall ar chineál na hoibre a dhéanann an MCIB, níl an Bord in ann pleanáil agus buiséad a dhéanamh le cinnteacht don bhliain atá le teacht. Mar thoradh air sin, níor úsáid an Bord buiséad mar chomparáid dá athbhreithniú ar fheidhmíocht an MCIB in 2020.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint, agus dá bhrí sin chun bearta réasúnta a ghlacadh chun calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais MCIB léargas fíor agus ceart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais MCIB amhail an 31 Nollaig 2020.

## Cur chun Feidhme

Le hAlt 1.19 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), ceanglaítear ar lucht bainistíochta gach comhlachta Stáit tacú leis an straitéis a chur i bhfeidhm trí bhíthin timthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe. Tá sé de cheangal ar Bhoird comhlachtaí Stáit plean bliantúil agus/nó buiséad bliantúil a cheadú agus measúnú foirmiúil a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar fheidhmíocht agus sin a dhéanamh trí thagairt don phlean agus/nó don bhuiséad. De bharr chineál na hoibre a dhéanann an BITM, is é sin imscrúdú a dhéanamh ar thaismí muirí a

tharlaíonn d’árthaigh, nó ar bord árthaigh, atá cláraithe in Éirinn agus a tharlaíonn d’árthaigh eile in uiscí teorann agus uiscebhealaí intíre na hÉireann, ní féidir leis an mBord pleanáil ná buiséadú a dhéanamh go cinnte don bhliain atá le teacht.

## Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus triúir ghnáthchomhalta. Ceanglaítear ar an bPríomh-Shuirbhéir sa DoT suí ar an mBord faoin Acht Loingis Cheannaíochta, 2000. Ceanglaítear ar Ard-Rúnaí an DoT, nó a ainmnitheach, suí ar an mBord faoin Acht seo freisin. Ceapann an tAire an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus an comhalta eile den Bhord. Sa tábla thíos, taispeántar an tréimhse ceapacháin do chomhaltaí reatha:

COMHALTA AN BHOIRD	RÓL	DÁTA CEAPTHA/DEIREADH AN TÉARMA
Claire Callanan	Cathaoirleach	Ceaptha Eanáir 2019
Dorothea Dowling	Leas-Chathaoirleach	Ceaptha Aibreán 2017
Frank Cronin	Gnáthchomhalta	Ceaptha Aibreán 2017
Brian Hogan	Gnáthchomhalta	Ceaptha Nollaig 2002/D'éirigh as Iúil 2020
Nigel Lindsay	Gnáthchomhalta	Ceaptha Samhain 2017/D'éirigh as Iúil 2020

I mí an Mhárta 2019, thaisc an Coimisiún Eorpach iarratas chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne na hÉireann i ndáil le cur chun feidhme Airteagal 8.1 de Threoir 2009/18/CE an 23 Aibreán 2009, lenar bunaíodh na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú timpistí san earnáil iompair mhuirí, agus aird ar leith ar neamhspleáchas an Bhoird um Imscrúdú Taismí Mara. Thaisc an Stát Cosaint sna himeachtaí sáraithe le linn 2019. Ar 9 Iúil 2020 rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nár chuir Éire Airteagal 8(1) de Threoir 2009/18/CE i bhfeidhm i gceart. Mar thoradh ar an mbreithiúnas seo d'éirigh beirt chomhaltaí den Bhord as a bpost, le héifeacht ón 30 Iúil 2020.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh, tá bearta agus nósanna imeachta breise curtha chun feidhme ag an mBord chun a chinntiú ar bhealach níos fearr oibriú éifeachtach leanúnach agus comhlíonadh na Treorach mar atá léirithe anois ag an CJEU.

Thug an Stát aghaidh ar thorthaí na Cúirte trí rialacháin leasaithe a dhéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972 (IR Uimh. 444 de 2020) chun a dhearbhuí nach bhfuil an bheirt chomhalta ina gcomhaltaí Boid a thuilleadh chun críocha imscrúduithe a thagann faoi raon feidhme na Treorach. Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Roinn Iompair Scéim Ghinearálta de Bhille d'fhonn an tAcht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Mara) 2000 a leasú

chun comhdhéanamh athbhreithnithe an Bhoird a éascú agus baill nua a cheapadh chun na folúntais atá ann cheana a líonadh ar an mBord agus faoi láthair tá sé ag céim grinnscrúdaithe reachtaíochta leis an gCoiste Oireachtais ábhartha.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird do 2020 leagtha amach ag Nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus leagtar amach mionsonraí na dtáillí agus na gcostas a fuair gach ball i rith na bliana.

## Athbhreithniú ar Fheidhmíocht

Chuaigh an Bord i dteagmháil le cuntasóir seachtrach chun cabhrú leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú. Tugadh an t-athbhreithniú chun críche agus d'fhaomh an Bord an tuarascáil an 29 Aibreán 2021.

## Príomh-Athruithe Pearsanra

Tharla athrú tábhachtach amháin ar phearsanra sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020. Chuaigh Denise Hyland, Uasal, ar scor an 22 Eanáir 2021 agus tháinig Margaret Bell Uas. ina ionad. Tháinig Margaret Bell Uasal isteach sa MCIB an 14 Nollaig 2020.

## Coistí

Níl aon choistí i bhfeidhm.

## Nochtadh a Éilítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an BITM riachtanais an Chóid, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Leis an gCód, éilítear na nochtadh seo a leanas:

### Caiteachas ar Thaisteal agus Cothú

Níor tabhaíodh aon chostais taistil agus cothaithe i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2020 (2019: nialas).

### Costais Chomhairliúcháin

Níor tabhaíodh ná níor caipitlíodh aon chostais chomhairleoireachta i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2020 (2019: Nialas).

Baineann táillí dlí agus gairmiúla de €14,065 (2019: €13,537) le caiteachas ar phróisis a seachfhoinsíodh faoi 'gnó mar is gnách'.

### Caiteachas Fáilteachais

B'ionann caiteachas fáilteachais i rith na bliana agus €193 (2019: €810). Baineann caiteachas fáilteachais le costais a thabhaítear le haghaidh cruinnithe Boird agus oiliúint imscrúdaitheoirí.

## Nochtadh Breise

Tá nochtadh miondealú gearrthéarmach sochair fostaí san áireamh i Nóta 4 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Ní nochtar nochtadh eile a cheanglaítear leis an gCód maidir le costais dlí agus socraíochtaí, fáilteachas, agus íocaíochtaí agus comhaontuithe foirceanta/téarfa toisc nár tabhaíodh aon chaiteachas i ndáil leis na catagóirí seo sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020.

## Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Deonaíodh maolú leanúnach don BITM ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca bunaithe ar na struchtúir agus nósanna imeachta reatha atá ann sa BITM ar mhaithe le maoirseacht airgeadais agus bainistíocht riosca.

Tá na maoluithe ó fhorálacha áirithe den Chód a tugadh don MCIB mar gheall ar a mhéid beag agus nádúr a ghníomhaíochtaí liostaithe thíos:

- Iniúchadh Inmheánach, agus Coiste Iniúchta agus Riosca<sup>1</sup>
- Maoin a Fháil agus Maoin Bharrachais a Dhiúscairt
- Talamh, Foirgnimh nó Sócmhainní Ábhair eile a Fháil
- Breithmheas um Infheistíocht Caipitil
- Éagsúlú, Fochuideachtaí a Bhunú agus Fáltais ag Comhlachtaí Stáit
- Sócmhainní Stáit a Dhiúscairt
- Comhlíonadh na gceanglas maidir le Ceant nó Próiseas Tairisceana a úsáid<sup>2</sup>
- Ráiteas ar Inghlacthacht Riosca

Fostaíonn an MCIB gnólacht cuntasóirí a ullmhaíonn na Ráitis Airgeadais gach bliain agus a chabhraíonn le MCIB le linn an phróisis iniúchta. Tá meitheal oibre ar leith de chuid an ghnólachta

cuntasaíochta ar fostú freisin chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha airgeadais an BITM.

Coinníonn an MCIB clár riosca a ndéantar athbhreithniú air mar mhír bhuan ag gach cruinniú Boird.

Tugadh comhaontú maoirseachta MCIB chun críche an 06/05/2021 tar éis plé agus athbhreithniú le DTTAS.

*Claire Callanan*

Claire Callanan  
Cathaoirleach  
29 Meitheamh 2021

1. Coinníonn an MCIB clár riosca.

2. Tagraíonn an maolú seo do 8.36 - 8.43 den Chód Cleachtais agus ní shíneann sé chuig tairiscintí le haghaidh cúrsaí leanúnacha clár MCIB.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

## Raon feidhme Freagrachta

Thar ceann MCIB, admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach um rialú airgeadais inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht seo riachtanais an Chóid san áireamh.

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go bhfuil na sócmhainní faoi chosaint, agus go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar nó go mbraitear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, faoin treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in MCIB don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Cumas maidir le Riosca a Láimhseáil

Mar gheall ar mhéid beag, fuair an BITM maolú ón Roinn Iompair maidir leis an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh. Faoi láthair, déanann an BITM athbhreithniú ar rialú inmheánach lena chuntasóirí seachtracha.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an MCIB, a aithníonn agus a thuiriscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin a mhaolú, a mhéid agus is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm, lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an MCIB agus aithníodh na rioscaí sin, rinneadh meastóireacht orthu agus tugadh grád dóibh de réir a dtábhachta. Déanann an Bord an clár a athbhreithniú ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár riosca tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus chun freagracht as rialuithe a shannadh don fhoireann ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh doiciméadú de na nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó ar fad,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- Soláthraíonn DoT buiséad bliantúil de € 278,000 don MCIB le haghaidh imscrúduithe agus caiteachas gnó eile. Tarraingítear anuas an buiséad de réir mar a shroicheann iarmhéid bainc MCIB thart €50,000. Má bhíonn iarmhéid leordhóthanach ann ag deireadh na bliana agus is féidir leis an BITM a dheimhniú nach mbeidh airgead breise ag teastáil, coinníonn an Roinn an chuid eile den deontas nár tarraingíodh as.
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú leanúnach

Cuirtear nósanna imeachta foirmiúla a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Bord, sa chás gurb iomchúí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- is féidir úsáid a bhaint as tuairisciú oibríochtúil gnó chun deimhniú a fháil i ndáil leis an tslí ina bhfuil rioscaí á mbainistiú,
- déantar faireachán agus athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí an lucht bainistíochta lena chinneadh go bhfuil socrúithe maidir le cáilíocht á gcomhlíonadh i gcomhréir leis na hionchais i leith réimsí sonracha riosca, agus
- déanann cuntasóirí neamhspleácha athbhreithnithe ar rialú inmheánach ar bhonn bliantúil.

## Tionchar ag an bPaidéim Dhomhanda COVID-19

Pléadh tionchar na paidéime COVID-19 ag an gcruinniú Boird a tionóladh an 3 Márta, 2020. D'admhaigh an Bord go bhféadfadh sé go n-éileodh srianta taistil agus oibre arna bhforchur ag an rialtas cruinnithe Boird amach anseo a reáchtáil go cianda; go bhféadfadh sé go n-iarrfaí ar bhaill foirne na Rúnaíochta oibriú ón mbaile ar feadh tréimhse fada; agus go bhféadfadh tionchar a bheith ag imscrúduithe freisin mar gheall ar shrianta taistil d'imscrúdaitheoirí. Cuireadh plean leanúnachais gnó i bhfeidhm chun aon chur isteach ar obair an Bhoird a íoslaghdú. Chuir an MCIB faisnéisithe ar fáil don DoT ar bhearta teagmhasacha MCIB, mar chuid d'ionchur na Roinne sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta, chun déileáil le COVID-19.

Cuirtear gach nuashonrú COVID-19 ar fáil d'imscrúdaitheoirí a bhaineann lena gcuid oibre mar imscrúdaitheoirí muirí. Tugadh cead ag cruinniú an Bhoird an 23 Aibreán, 2020 chun sínithe leictreonacha a úsáid, nuair is gá, chun gnó MCIB a chur ar aghaidh fad a bhí srianta fós i bhfeidhm.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an BITM chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon an BITM na nósanna imeachta sin in 2020 ach amháin maidir leis na hábhair seo a leanas.

Catagóir de chaiteachas neamhchomhlíontach	2020	2020 líon na soláthraithe
Seirbhísí cuntasáíochta agus iniúchta inmheánaigh	5966	1
Seirbhísí priontála	11071	1
Seirbhísí dlí	9222	1
<b>Iomlán</b>	<b>26,259</b>	<b>3</b>

Fuarthas seirbhísí cuntasáíochta agus iniúchta inmheánaigh ar dtús tar éis próiseas soláthair iomlán in 2013. Coinníodh an soláthraí gan próiseas soláthair breise mar gheall ar sheirbhís sásúil roimhe seo, eolas ar ghníomhaíochtaí agus fheidhmeanna an Bhoird, agus costas réasúnta beag na seirbhíse. Rinneadh próiseas tairisceana i mí na Nollag 2020 agus chomhaontaigh an Bord ar thairgeoir roghnaithe i mí Feabhra 2021. D'aontaigh an Bord go gcoinneofaí Moore chun críocha Ráitis Airgeadais 2020.

Níl conradh foirmiúil i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí priontála ó 2004 i leith agus cuóta á lorg agus á mheas agus ansin comhaontaithe do gach tuarascáil aonair. Tá an MCIB ag fiosrú roghanna maidir le tuarascálacha a fhoilsiú go hinmheánach agus tá sé fós i dteagmháil leis an soláthraí priontála reatha agus é seo á chur i bhfeidhm. Bhí tionchar ag acmhainní foirne agus srianta COVID-19 ar dhul chun cinn an taisc seo.

D'fhostaigh an MCIB an comhairleoir dlí reatha in 2014 tar éis tairisceana. Mar gheall ar an gcostas íseal cuirtear an conradh ar aghaidh gach bliain. Cuireadh tús le próiseas tairisceana do sheirbhísí dlí i mí na Nollag 2020 ach mar gheall ar chúinsí nach raibh smacht ag an MCIB ar an bpróiseas cuireadh sos go luath i mí Eanáir 2021. Meastar go dtosóidh an próiseas arís sna seachtainí amach romhainn.

Is iad na príomhfhachtóirí a chuireann le neamhchomhlíonadh ná nádúr speisialaithe obair MCIB agus na méideanna réasúnta beag atá i gceist, an bealach a bhfeidhmíonn sé trí Bhord de thriúr agus méid beag na Rúnaíochta tacaíochta ar féidir le gach ceann acu éilimh mhóra a chur ar acmhainní teoranta.

Admhaíonn an Bord nár tugadh aghaidh ar na nochtuithe soláthair a sainithníodh sa SIC do 2019 le linn 2020. Chuir an MCIB tús leis an bpróiseas chun na réimsí neamhchomhlíonta maidir le soláthar a cheartú le linn 2020 agus tá súil aige go réiteofar iad seo go hiomlán le linn 2021.



## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an MCIB chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta agus rialaithe um bainistíocht riosca. Tá eolas ag gach ball den Bhord ar gach caiteachas a rinne an MCIB ar chomhlíonadh a róil reachtúil agus déanann Rúnaí an Bhoird iad a nuashonrú, ar bhonn leanúnach agus ag gach cruinniú míosúil den Bhord, faoi gach íocaíocht a dhéantar agus aon saincheistean ar dóigh dóibh dul i bhfeidhm ar airgeadas an MCIB. Ní mór do bheirt chomhalta an Bhoird gach íocaíocht a fhaomhadh agus a údarú ar an gcóras baincéireachta ar líne de chuid AIB.

Déantar eolas breise don mhonatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann an BITM ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh ag na nithe seo a leanas: obair na n-iniúcháirí seachtracha, na cuntasóirí seachtracha a dhéanann athbhreithniú ar an bhfeidhm rialaithe inmheánaigh, an ardbhainistíocht sa BITM atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil ar siúl.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2020 bunaithe ar nósanna imeachta MCIB atá i bhfeidhm chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ghnó agus ar chaiteachas leanúnach an Bhoird, agus ar thuarascáil na gcuntasóirí a bhí fostaithe i mí Feabhra 2020 chun athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha. Rinne an Bord breithniú agus formheas ar dhréacht-tuarascáil an Athbhreithnithe ar Rialú Inmheánach ag cruinniú an Bhoird an 29 Aibreán 2021. Tá an Bord sásta go bhfuil na rialuithe atá i bhfeidhm láidir agus éifeachtach.

## Saincheistean um Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laig sa rialú inmheánach i ndáil le 2020 lena n-éilítear nochtadh sna ráitis airgeadais, cé is moite den soláthar neamhchomhlíontach a nochtar thuas.

Sínte thar ceann an Bhoird



Claire Callanan  
Cathaoirleach  
29 Meitheamh 2021

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Bord Imscrúdú Taismí Muirí

## Tuairim ar ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí iniúchta agam don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus ráiteas ar chúlchisítí ioncaim coimeádta
- ráiteas maidir le staid airgeadais
- ráiteas maidir le sreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí ar an 31 Nollaig 2019 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2019 de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe agus maidir le Poblacht na hÉireann*.

## Bunús don Tuairim


Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (ISAs) mar a d'fhógair Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchta Uachtaraigh. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón mBord Imscrúdú Taismí Muirí agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitice eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchta a fuamar agus tá sé cuí chun bunús do mo thuairim a sholáthar.

## Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí a thuirisciú maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile a thuiriscim trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis seo.



Mark Brady

Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste 30 Meitheamh 2021

## Aguisín a ghabhann leis an Tuarscáil

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

De réir mar atá leagtha amach sa ráiteas rialachais tá freagracht ar chomhaltaí an Bhoird i ndáil leis an méid seo a leanas:

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh i dtaobh an cuí úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh, agus
- cibé rialú inmheánach a chur i bhfeidhm a mheasann siad a bheith riachtanach le go mbeifear in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu is calaois nó earráid is cúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm, faoi alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí a iniúchadh agus tuarscáil ina leith a thabhairt do Thithe an Oireachtais. Is é an cuspóir atá agam agus mé i mbun an iniúchta ná dearbhú réasúnach a fháil i dtaobh an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is ardléibhéal dearbhairte é dearbhú réasúnach, ach ní rátháíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir míráitis a bheith ann de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás ina bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go rachaidís, ina n-aonar nó le chéile, i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoir ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, bainim leas as breithiúnas gairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm i rith an iniúchta go léir. Le linn dom déanamh amhlaidh,

- Aithním agus measúnaim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha i leith na ráiteas airgeadais, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis; dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta ar leor agus cuí í chun bonn a chur ar fáil dom maidir le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha ar calaois is cúis leis níos mó ná an riosca nach mbraithfear ceann ar earráid is cúis leis, ó tharla go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá cuí sna himthosca lena mbaineann, ach ní chun tuairim ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a chur in iúl.
- Déanaim meastóireacht ar chuibheas na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nithe gaolmhara a nochtadh.
- Déanaim conclúid maidir le cuibheas úsáid an bhoinn

cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus, ar bhonn na fianaise iniúchóireachta a fhaightear, déanaim conclúid i dtaobh an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chruthú maidir le cumas an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim conclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheangal orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nithe gaolmhara a nochtadh sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nithe sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúid bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh sé, áfach, go scoirfeadh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach de bharr imeachtaí nó dálaí amach anseo.

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, le n-áirítear na nithe a nochtadh, déanaim meastóireacht i dtaobh an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí atá taobh thiar díobh ar bhealach a chuireann i láthair go cóir iad.

Téim i gcomhairle leo siúd ar a bhfuil freagracht i ndáil le rialachas a mhéid a bhaineann le raon agus tráthú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha a éiríonn as an iniúchadh, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha a shainaithním le linn an iniúchta maidir le rialú inmheánach, gan trácht ar nithe eile.

#### **Faisnéis maidir le nithe seachas na ráitis airgeadais**

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair in éineacht leis na ráitis sin ná ní léirim aon chineál conclúide dheimhniúigh ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheangal orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, fad is atáim á dhéanamh sin, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, nó an ndéalraíonn sé go bhfuil míráiteas ábhartha eile ann. Más rud é, ar bhonn na hoibre a dhéanaim, go ndéanaim conclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann san fhaisnéis eile sin, tá sé de cheangal orm an méid sin a thuairisciú.

#### **Tuairisciú ar nithe eile**

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na gcúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Déanaim tuairisciú má shainaithním nithe ábhartha maidir leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Le linn an t-iniúchadh a dhéanamh, féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Déanaim tuairisciú má shainaithním aon chás ábhartha ar ina leith nár caitheadh airgead poiblí chun na críche a bhí beartaithe nó nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a raibh siad faoina rialú.

Tuairiscím ar bhonn eisceachtúil freisin más amhlaidh, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair an iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas maidir Le hioncam & Caiteachas & Ráiteas ar Chúlchistí Ioncaim Coimeádta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

Ioncam	Nótaí	BLIAIN DÁR CRÍOCH	BLIAIN DÁR CRÍOCH
		31 NOLLAIG 2020	31 NOLLAIG 2019
		€	€
Deontas Oireachtais (Vóta 31, fotheideal C3)		276,014	200,590
		276,014	200,590
<b>Caiteachas</b>			
Tuarastail Foirne	4	131,187	100,442
Táillí Chomhaltaí an Bhoird	5	20,948	20,948
Clódóireacht, Postas agus Stáiseanóireacht		12,348	6,998
Dearadh Suíomh Gréasáin		1,410	1,137
Costais Imscrúdaithe Timpistí	3	89,950	27,864
Trealamh Sábháilteachta		-	503
Speansais Oifige		1,767	480
Aistriúchán		1,309	1,534
Léarscáileanna/Cairteacha		1,563	1,937
Táillí Dlíthiúla & Gairmiúla		14,065	13,537
Cuntasaíocht		5,869	7,134
Táillí iniúchta		7,650	6,000
Muirir Bhainc		320	264
Oiliúint		425	2,400
Costais Éagsúla		193	810
		289,004	191,988
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		(12,990)	8,602
Easnamh Carntha 1 Eanáir		(42,729)	(51,331)
Easnamh Carntha 31 Nollaig		(55,719)	(42,729)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 11.

*Claire Callanan*

Claire Callanan  
Cathaoirleach  
29 Meitheamh 2021

*Margaret Bell*

Margaret Bell  
Rúnaí  
29 Meitheamh 2021

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Amhail 31 Nollaig 2020

	Nótaí	31 NOLLAIG 2020	31 NOLLAIG 2019
		€	€
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Réamhíocaíochtaí		1,406	492
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		44,798	22,179
		46,204	22,671
<b>Creidiúnaithe</b> — méideanna dlite laistigh de bhliain amháin			
Iníochta	2	(101,923)	(65,400)
<b>Glansócmhainní reatha</b> (dlíteanais)		(55,719)	(42,729)
<b>Lena n-ionadaítear</b>			
Easnamh Carntha tugtha ar aghaidh		(42,729)	(51,331)
Barrachas/(Easnamh) don tréimhse		(12,990)	8,602
Cúlchistí Ioncaim a Choimeádtar		(55,719)	(42,729))

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 11.

*Claire Callanan*

Claire Callanan  
Cathaoirleach  
29 Meitheamh 2021

*Margaret Bell*

Margaret Bell  
Rúnaí  
29 Meitheamh 2021

# Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid

Amhail 31 Nollaig 2020

	31 NOLLAIG 2020 €	31 NOLLAIG 2019 €
<b>Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		
Airgead tirim a gineadh/(a ionsúd) ó oibríochtaí	(12,990)	8,602
Méadú ar infháltais	(914)	91
Méadú/(Laghdú) in infháltais	36,523	(32,090)
<b>Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>	22,619	(23,397)
<b>Airgead tirim glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta</b>	-	-
<b>Airgead tirim glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoinithe</b>	-	-
<b>Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim</b>	22,619	(23,397)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana	22,179	45,576
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana</b>	44,798	22,179

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

## Nóta 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta atá glactha ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí leagtha amach anseo thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta atá glactha ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí leagtha amach anseo thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

### a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Chuir an Bord tús le hoibríochtaí an 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh é go foirmiúil an 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismigh mhuirí in Éirinn agus foilsíonn sé na tuarascálacha a leanann as.

### b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Rinneadh ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 a ullmhú de réir FRS 102, is é sin, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme i bPoblacht na hÉireann agus atá eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

Tá freagracht ar Bhord an eintitis a bhí i seilbh oifige ar dháta ceadaithe na Ráiteas Airgeadais seo i ndáil lena chinntiú go gcomhlíonann an t-eintiteas a chuid oibleagáidí iomchuí ag us deihmnímid gur chomhlíon an t-eintiteas an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016).

### c) Gnóthas leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh.

### d) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luach cóir, mar atá mínte sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm a cheadaigh an tAire Iompair le comthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn a bheith ag déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

### e) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse 12 mhí go 31 Nollaig 2020.

### f) Airgeadra

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€) arb é airgeadra feidhmiúil an bhoird é freisin.

### g) Deontais Oireachtais

Is ionann an t-ioncam ó Dheontais Oireachtais agus an t-airgead agus costais tuarastail na foirne ar iasacht a fuarthas i rith na bliana ón Roinn Iompair agus íocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair thar ceann fhoireann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí\*.

\*Nóta: Cuimsíonn Rúnaíocht MCIB triúr ball foirne buana a sannadh ón Roinn Iompair.

### h) Costais Imscrúduithe a Shainaitint

Fabhraítear costais a bhaineann le himscrúduithe leanúnacha ag deireadh na bliana, bunaithe ar chostais mheasta in aghaidh an imscrúdaithe. Tugann imscrúdaitheoirí sonrasc don MCIB nuair a bhíonn imscrúduithe críochnaithe.

**i) Aoisliúntas**

Tá foireann na Roinne a shanntar chun gníomhú mar Rúnaíocht do MCIB cumhdaithe ag socruithe pinsin ábhartha na Roinne. Dá réir sin níl aon dliteanas ar an mBord as Pinsean.

**j) Airgead tirim agus coibhéisí airgid airgead tirim**

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead tirim ar láimh, taiscí arna sealbhú ag glooch le bainc, infheistíochtaí leachtacha gearrthéarmacha eile a bhfuil aibíochtaí bunaidh trí mhí nó níos lú acu, agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaí i ndlíteanais reatha.

**Nóta 2. Creidiúnaithe– méideanna dlite laistigh de bhliain amháin**

	2020	2019
	€	€
Costais Fhabhráithe	101,923	65,400
San áireamh i speansais fabhraíthe tá méideanna a bhaineann le:		
Cuntas rialaithe ÍMAT	7,212	7,212

**Nóta 3. Costais Imscrúdaithe Timpistí**

Le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2020, rinne an Bord 12 imscrúdú agus d'fhoilsigh sé tuarascálacha ar gach imscrúdú. Ba é costas iomlán na n-imscrúduithe a cuireadh i gcrích in 2020 agus €89,950. Níor foilsíodh aon tuarascáil eatarbhach ar imscrúduithe leanúnacha in 2020. Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí 9 n-imscrúdú ar siúl nár tugadh chun críche iad. Is é costas féideartha na hoibre seo €63,700 agus tá sé seo curtha san áireamh san fhigiúr caiteachais fabhraíthe i nóta 2. Fabhraítear costais imscrúdaithe sa bhliain ina dtarlaíonn an teagmhas lena mbaineann.

San áireamh freisin sna costais fabhraíthe imscrúdaithe tá costais taistil agus chothaithe a thabhaigh imscrúdaitheoirí de €10,000. Rinne an Bord cinneadh i mí na Nollag 2020 go n-aisíocfar imscrúdaitheoirí, ag dul ar aghaidh, as caiteachas comhaontaithe T&S deimhnithe ag rátaí na Státseirbhíse.

**Nóta 4. Fostaithe agus Aoisliúntas****Príomh-Phearsanra Bainistíochta**

Tá príomhphearsanra bainistíochta i MCIB comhdhéanta de chomhaltaí an Bhoird agus na foirne bainistíochta sinsearaí. Tá luach iomlán na sochar fostaí do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach i Nóta 5 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Soláthraíonn an Roinn Iompair Rúnaíocht bhuan de thriúr ball foirne lánaimseartha. Forchúitigh an Roinn costais foirne ó leithdháileadh deontais an Bhoird. Sannadh DTTAS 3 bhall foirne ag an mBord ag deireadh 2020 agus sannadh 3 bhall foirne ag deireadh 2019.

Tá líon na foirne ag gach banda pá mionsonraithe sa tábla thíos:

Sochair ghearrthéarmacha fostaí**	2020	2019
€	Líon na bhfostaithe sa bhanda	Líon na bhfostaithe sa bhanda
0 – 59,999	3	3
60,000 – 69,999	-	-
70,000 – 79,000	-	-

\*\*Nóta: Chun críocha an nocht seo, sna sochair ghearrthéarmacha fostaíthe i ndáil le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe, áirítear tuarastail ragobair liúntais agus iocáíochtaí eile arna ndéanamh thar ceann an fhostaí ach níl ÁSPC an fhostóra san áireamh.



## Nóta 5. Comhaltaí Boidr

Tagann an Bord le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar a fheidhmiú agus réachtáil sé 15 ghnáthchruinniú in 2020. Amhail an 31 Nollaig 2020 bhí 3 bhall san iomlán ag an mBord.

Bhí na táillí iníoctha leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí an Bhoird do 2020 ag rátaí a cheadaigh agus a cheadaigh an tAire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí. Fuair an Cathaoirleach agus baill an Bhoird táille pro rata. In 2020 ní bhfuair beirt bhall Boidr aon táille faoi phrionsabal Tuarastal Amháin Duine Amháin (OPOS).

### Tá sceideal Freastail agus Táillí 2020 leagtha amach thíos:

Comhalta an Bhoird	Cruinnithe a bhFreastalaíodh Orthu	2020 €	2019 €
Claire Callanan	15/15	8,978	8,978
Frank Cronin	15/15	5,985	5,985
Dorothea Dowling	14/15	5,985	5,985
Nigel Lindsay (d'éirigh sé as lúil 2020)	9/15	-*	-
Brian Hogan (d'éirigh sé as lúil 2020)	9/15	-*	-
<b>Táillí Iomlán</b>		<b>20,948</b>	<b>20,948</b>

\* De réir an phrionsabail 'Tuarastal Amháin Duine Amháin', ní bhfuair Nigel Lindsay agus Brian Hogan táille in 2020.

Íoctar ráta bliantúil le baill an bhoird, ar bhonn pro rata, ní in aghaidh an tinrimh ag cruinnithe. Léiríonn na méideanna a nochtar thuas na méideanna comhlána atá iníoctha le baill.

Níor íocadh aon chostais taistil le baill an Bhoird in 2020 maidir le freastal ar Chruinnithe an Bhoird le linn 2020.

## Nóta 6. Gnóthas leantach

Sa bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2020, thaifead an Bord easnamh oibriúcháin de €12,990 agus easnamh carntha do 2002 - 2020 de €55,719. Fuarthas maoiniú in 2020 agus táthar ag súil go leanfar de bheith á fháil chun a chinntiú gur féidir leis an mBord gach dliteanas a chomhlíonadh.

## Nóta 7. Costais oibriúcháin

Soláthraíonn an Roinn Iompair cóiríocht, lena n-áirítear sócmhainní seasta a úsáid, don Bhord saor in aisce in áitreabh na Roinne i Lána Leeson, Baile Átha Cliath 2.

Maoiníonn an Bord a chostais oibriúcháin féin cé is moite de na seirbhísí seo a leanas a sholáthraíonn an Roinn Iompair saor in aisce:

- TF & Teileafón
- Costais phostála, stáiseanóireachta agus priontála inmheánaigh (seachas costais a bhaineann le himscrúduithe)
- Glanadh
- Costais oifige eile lena n-áirítear solas agus téamh.

## Nóta 8. Cánachas

De réir Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 níor íocadh aon chánachas nó ní gá foráil a dhéanamh dó sna ráitis airgeadais.

## **Nóta 9. Comhaltaí an Bhoird: Leasanna a Nochtadh**

Tá nósanna imeachta glactha ag gach ball den Bhord de réir Alt 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taisní Muirí a Imscrúdú), 2000.

Déanann an Bord a ghnó ar bhealach atá neamhchlaonta agus a fheictear a bheith neamhchlaonta de réir Chód Iompair Ghnó MCIB (féach [www.mcib.ie](http://www.mcib.ie)). Tá sé i gceist ag an gCód tacar comhaontaithe prionsabal eiticíúil a bhunú chun gnó an Bhoird a sheoladh; muintín as an mBord a chur chun cinn agus a choimeád; agus cosc a chur le nósanna imeachta mí-eiticíúla a fhorbairt nó a ghlacadh ag an mBord. Cuireann comhaltaí Boird in iúl do Rúnaí an Bhoird aon coimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus ní ghlacfaidh siad páirt i gcruinniú Boird nuair a thagann coimhlint leasa chun cinn.

Agus ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 - Ráitis Leasanna Bliantúla á gcomhlíonadh, soláthraíonn gach ball den Bhord foirm Ráiteas Leasanna comhlánaithe don Rúnaí ar bhonn bliantúil, tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir. Cuirtear isteach freagraí nialais chomh maith.

## **Nóta 10. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 17 Nollaig 2020.





Lána Leeson, Baile Átha Cliath 2. Teileafón: 01-678 3485. Facs: 01-678 3493. [www.mcib.ie](http://www.mcib.ie)